- (3) An 20 Meitheamh 2017, d'fhorghuinigh an Chomhairle freagairt an Aontais¹⁶ ar Chlár oibre 2030 na Náisiún Aontaithe don Fhorbairt Inbhuanaithe¹⁷ – todhchaí inbhuanaithe don Eoraip. Chuir an Chomhairle béim ar a thábhachtaí atá sé forbairt inbhuanaithe a bhaint amach i ngach ceann de na trí ghné (an ghné eacnamaíoch, an ghné shóisialta, agus an ghné chomhshaoil), ar dhóigh chothrom chomhtháite. Tá sé ríthábhachtach go ndéanfar an fhorbairt inbhuanaithe a chuimsiú i gcreat beartais na hEorpa agus go mbeidh an tAontas uailmhianach sna beartais a cheapfar chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin dhomhanda. Ba dhíol sásaimh ag an gComhairle an Teachtaireacht ón gCoimisiún *Next steps for a sustainable European future* [Na chéad chéimeanna eile i dtreo todhchaí inbhuanaithe don Eoraip] dar dáta an 22 Samhain 2016 sa mhéid is gur céadchéim é ionsar phríomhshruthú na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe agus ionsar phrionsabal rialaithe sár-riachtanach a dhéanamh den fhorbairt inbhuanaithe do bheartais uile an Aontais, a chuid ionstraimí airgeadais san áireamh.
- (4) I mí Feabhra 2018, ghlac an Coimisiún Teachtaireacht dar teideal *A new, modern Multiannual Financial Framework for a European Union that delivers efficiently on its priorities post-2020* [Creat Airgeadais Ilbhliantúil nua-aimseartha nua d'Aontas Eorpach a n-éiríonn leis a thosaíochtaí a bhaint amach go héifeachtúil tar éis 2020]¹⁸. Sa Teachtaireacht sin cuireadh i dtábhacht go dtacóidh buiséad an Aontais le geilleagar sóisialta margaidh uathúil na hEorpa. Dá bhrí sin, beidh sé fíorthábhachtach deiseanna fostaíochta a fheabhsú agus aghaidh a thabhairt ar na dúshláin maidir le scileanna, go háirithe na scileanna sin a bhaineann leis an digitiú. Bunphrionsabal de chuid an chéad Chreata Airgeadais Ilbhliantúil eile é an tsolúbthacht bhuiséadach. Beidh sásraí solúbthachta i bhfeidhm ionas go bhféadfaidh an tAontas freagairt do theagmhais gan choinne, agus lena áirithiú go mbaintear úsáid as acmhainní buiséadacha sna réimsí is mó a bhfuil práinn leo.
- (5) Sa Pháipéar Bán maidir le Todhchaí na hEorpa¹⁹, léirigh an Coimisiún go bhfuil imní air maidir le gluaiseachtaí leithliseachais, agus go bhfuil fás ag teacht faoin amhras atá ar chuid den phobal faoi shocair na trádála oscailte agus faoi gheilleagar sóisialta margaidh an Aontais go ginearálta.
- (6) Sa Pháipéar Machnaimh uaidh maidir le leas a bhaint as an domhandú²⁰, shainaithin an Coimisiún go bhfuil domhandú na trádála agus forbairt na teicneolaíochta ar na príomhchúiseanna a bhfuil éileamh méadaithe ar fhórsa oibre oile agus a bhfuil níos lú post ann dóibh siúd ar bheagán cáilíochtaí. D'aineoinn na mórghnóthaí a bhaineann le trádáil níos oscailte agus le geilleagair an domhain a chomhtháthú tuilleadh, ní mór aghaidh a thabhairt ar thionchair dhiúltacha sin an domhandaithe. Ós rud é gurb amhlaidh cheana nach bhfuil sochair reatha an domhandaithe le brath go cothrom ar fud an daonra ná ar fud na réigiún, agus gur suntasach an tionchar atá aige sin ar na daoine is mó a bhíonn thíos leis, tá baol ann go gcuirfidh an dul chun cinn méar teicneolaíoch leis na tionchair dhiúltacha sin. Dá bhrí sin, i gcomhréir le prionsabail na dlúthpháirtíochta agus na hinbhuanaitheachta, is gá a áirithiú go

¹⁶ <http://eu-un.europa.eu/eu-response-2030-agenda-sustainable-development-sustainable-european-future/>.

¹⁷ <https://sustainabledevelopment.un.org/post2015/transformingourworld>.

¹⁸ https://ec.europa.eu/commission/sites/beta-political/files/communication-new-modern-multiannual-financial-framework_en.pdf

¹⁹ https://ec.europa.eu/commission/white-paper-future-europe-reflections-and-scenarios-eu27_ga.

²⁰ https://ec.europa.eu/commission/publications/reflection-paper-harnessing-globalisation_en.

roinntear sochair an domhandaithe ar bhealach níos cothroime trí oscailt an gheilleagair agus an dul chun cinn teicneolaíoch a thabhairt le chéile leis an gcosaint shóisialta.

- (7) Sa Pháipéar Machnaimh uaidh ar thodhchaí airgeadais an Aontais²¹, cuireann an Coimisiún i bhfios go láidir nach mór éagsúlachtaí eacnamaíocha agus sóisialta idir na Ballstáit agus laistigh de na Ballstáit a laghdú. Dá bhrí sin, príomhthosaíocht is ea é infheistíocht a dhéanamh sa chomhionannas, sa chuimsiú sóisialta, san oideachas agus oiliúint, agus sa tsláinte.
- (8) Is dócha go gcuirfidh an domhandú agus forbairt na teicneolaíochta níos mó le hidirnascthaacht agus idirspiléachas gheilleagair an domhain. Cuid lárnach agus cuid dhosheachanta den athrú eacnamaíoch sin is ea athdháileadh an tsaothair. Chun sochair an athraithe a dháileadh go cothrom, tá sé iontach tábhachtach cúnamh a thabhairt d'oibrithe a leagadh as agus d'oibrithe ar baol dóibh a bheith leagtha as. Is é atá i gCreat Cáilíochta an Aontais Eorpaigh um réamhaíocht ar athrú agus athstruchtúrú²² ionstraim bheartais an Aontais ina leagtar síos creat dea-chleachtais chun réamhaíocht a dhéanamh ar an athstruchtúrú corparáideach agus chun aghaidh a thabhairt air. Tá creat cuimsitheach ann maidir leis an dóigh ar cheart aghaidh a thabhairt ar dhúshlán an choigeartaithe agus an athstruchtúraithe eacnamaíoch agus ar an tionchar ar an bhfostaíocht agus an tionchar sóisialta atá ag na dúshláin sin. Iarrann sé freisin ar na Ballstáit úsáid a bhaint as cistiú náisiúnta agus as cistiú AE lena áirithiú go dtugtar cosaint níos éifeachtaí ar thionchar sóisialta an athstruchtúraithe, go háirithe na héifeachtaí díobhálacha ar an bhfostaíocht. Is iad Ciste Sóisialta na hEorpa Plus (CSE+), a ceapadh chun cúnamh a thabhairt ar bhealach réamhghníomhach, agus CED, a ceapadh chun cúnamh a thabhairt ar bhealach frithghníomhach i gcás mórtheagmhais athstruchtúraithe nach raibh coinne leo, príomhionstraimí an Aontais chun cúnamh a thabhairt d'oibrithe i gcásanna den sórt seo.
- (9) Bunaíodh CED le Rialachán (CE) Uimh. 1927/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle²³ don chreat airgeadais ilbhliantúil ón 1 Eanáir 2007 go 31 Nollaig 2013. Cuireadh é ar bun lena chur ar chumas an Aontais dlúthpháirtíocht a léiriú d'oibrithe a chaill a bpost mar gheall ar mhórathruithe struchtúracha i bpatrúin trádála domhanda de bharr an domhandaithe.
- (10) Rinneadh raon feidhme Rialachán (CE) Uimh. 1927/2006 a leathnú in 2009 le Rialachán (CE) Uimh. 546/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle²⁴ mar chuid den Phlean don Téarnamh Eacnamaíoch Eorpach chun oibrithe a chaill a bpost mar thoradh díreach ar an ngéarchéim dhomhanda airgeadais agus eacnamaíochta.
- (11) Thar thréimhse an chreata airgeadais ilbhliantúil ón 1 Eanáir 2014 go dtí an 31 Nollaig 2020, leathnaíodh an raon feidhme tuilleadh le Rialachán (AE)

²¹ https://ec.europa.eu/commission/publications/reflection-paper-future-eu-finances_en.

²² TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA, AN CHOMHAIRLE, COISTE EACNAMAÍOCH AGUS SÓISIALTA NA hEORPA AGUS CHUIG COISTE NA RÉIGIÚN maidir le Creat Cáilíochta an Aontais Eorpaigh um réamhaíocht ar athrú agus athstruchtúrú, (COM(2013)882 final, 13.12.2013).

²³ Rialachán (CE) Uimh. 1927/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Nollaig 2006 maidir le bunú an Chiste Eorpaigh um Choigeartú don Domhandú ([IO L 406, 30.12.2006, lch. 1](#)).

²⁴ Rialachán (CE) Uimh. 546/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Meitheamh 2009 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1927/2006 maidir le bunú an Chiste Eorpaigh um Choigeartú don Domhandú ([IO L 167, 29.6.2009, lch. 26](#)).

Uimh. 1309/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle²⁵ sa dóigh is go n-áireofaí ní hamháin poist a cailleadh de bharr mórshuaitheadh eacnamaíoch a tharla de dhroim na géarchéime domhanda airgeadais agus eacnamaíochta a dtugtar aghaidh uirthi i Rialachán (CE) Uimh. 546/2009, ach poist a chaillfi de bharr aon ghéarchéim nua domhanda agus eacnamaíochta freisin.

- (12) Rinne an Coimisiún meastóireacht mheántearma ar CED féachaint an bhfuil cuspóirí CED á mbaint amach agus a mhéid atá siad sin á mbaint amach. Léiríodh go bhfuil CED éifeachtach agus gur éirigh leis níos mó oibrithe a leagadh as a athimeascadh san fhostaíocht ná mar a rinneadh sa chlárthréimhse roimhe sin. Fuarthas amach sa mheastóireacht sin freisin go bhfuil breisluach Eorpach ag baint le CED. Is fíor sin go háirithe i gcás éifeachtaí “toirte” CED, is é sin go gcuireann cúnamh ó CED le líon agus le héagsúlacht na seirbhísí a chuirtear ar fáil, ach sa bhreis air sin, cuireann sé le neart na seirbhísí sin. Ina theannta sin, tá bearta idirghabhála ó CED iontach feiceálach agus léiríonn siad breisluach AE na hidirghabhála don phobal i gcoitinne. Mar sin féin, sainaithníodh roinnt fadhbanna. Ar lámh amháin, measadh go raibh an nós imeachta forscaoilte rófhadálach. Ina theannta sin, thuairiscigh roinnt mhaith Ballstát go raibh deacrachtaí acu an anailís chríochnúil chúlra ar an teagmhas a spreag na hiomarcaíochtaí a chur le chéile. Is é an phríomhchúis nach gcuirfeadh Ballstáit isteach ar chúnamh ó CED ná fadhbanna acmhainne airgeadais agus acmhainne idirinstiúidigh. Ar lámh amháin, d’fhéadfadh sé nach bhfuil ann ach easpa foirne – faoi láthair ní féidir le Ballstáit cúnamh teicniúil a iarraidh ach amháin má chuireann siad cás CED chun feidhme. Ós rud é go bhféadfadh iomarcaíochtaí tarlú gan choinne, ba den tábhacht go mbeadh Ballstáit réidh le gníomhú láithreach agus gurbh fhéidir leo iarratas a thíolacadh gan mhoill. Ina theannta sin, i roinnt Ballstát, teastaíonn iarrachtaí níos déine fothaithe acmhainne institiúidí chun cur chun feidhme éifeachtach agus éifeachtúil cásanna a chumhdaítear faoi CED a áirithiú. Cáineadh an líon íosta 500 de dhaoine a leagadh as toisc é a bheith ró ard, go háirithe sna réigiúin sin inar beag an daonra²⁶.
- (13) Cuireann an Coimisiún i bhfios go láidir go bhfuil tábhacht ar leith ag baint le CED fós ina ról mar chiste solúbtha a thacaíonn le hoibrithe a chailleadh a bpost de bharr mórtheagmhais athstruchtúraithe agus a chuidíonn leo post eile a fháil a luaite is féidir. Ba cheart don Aontas leanúint de bheith ag tabhairt tacaíocht sonrach aonuaire d’oibrithe a leagadh as chun athimeascadh san fhostaíocht a éascú, i limistéir, in earnálacha, i gcásanna nó i margaí saothair atá buailte go dona ag mórshuaitheadh eacnamaíoch. I bhfianaise an idirghníomhaithe agus na n-éifeachtaí frithpháirteacha a bhaineann leis an trádáil oscailte, leis an bhforbairt theicneolaíoch agus le fachtóirí eile amhail an t-aistriú chuig geilleagar ísealcharbóin, agus ag cur san áireamh dá réir sin go bhfuil sé ag éirí níos deacra fachtóir sonrach amháin a roghnú mar chúis le cailliúint post, is ar thionchar suntasach teagmhais athstruchtúraithe amháin a bhunófar forscaoileadh CED feasta. I bhfianaise an cuspóra atá ag CED, is é sin tacaíocht a thabhairt i gcásanna práinne agus in imthosca gan choinne, lena gcomhlánaítear an cúnamh níos réamhghníomhaí a thugtar faoi CSE+, ionstraim sholúbtha speisialta a bheidh i CED lasmuigh d’uasteorainneacha buiséadacha an Chreata Airgeadais Ilbhliantúil, mar a leagtar amach sa Teachtaireacht ón gCoimisiún dar teideal *A Modern Budget for a Union that Protects, Empowers and Defends - The*

²⁵ Rialachán (AE) Uimh. 1309/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 maidir leis an gCiste Eorpach um Choigeartú don Domhandú (2014-2020) agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1927/2006.

²⁶ COM(2018) 297 final, a bhfuil SWD(2018) 192 final ag gabháil leis.

Multiannual Financial Framework for 2021 – 2027 [Buiséad nua-aimseartha le haghaidh Aontas a chumhdaíonn, a chumhachtaíonn agus a chosnaíonn] agus san iarscríbhinn a ghabhann leis²⁷.

- (14) Mar a luadh cheana, chun gné Eorpach CED a choinneáil, ba cheart go spreagfaí iarratas ar thacaíocht nuair a tharlaíonn mórtheagmhas athstruchtúraithe a bhfuil tionchar suntasach aige ar an ngeilleagar áitiúil nó réigiúnach. Ba cheart tionchar den sórt sin a shainiú de réir líon íosta daoine a leagadh as laistigh de thréimhse thagartha shonrach. Agus torthaí na meastóireachta meántearma á gcur san áireamh, socrófar an líon íosta daoine a leagadh as ag 250 laistigh de thréimhse thagartha ceithre mhí (nó sé mhí i gcásanna eárnálacha). Ós rud é go mbíonn tionchar chomh suntasach céanna ar an margadh saothair áitiúil ag babhtáí dífhostaithe in eárnálacha éagsúla laistigh den réigiún céanna, féadfar iarratais réigiúnacha a dhéanamh freisin. Sna margatá saothair beaga, amhail Ballstáit bheaga nó réigiúin iargúlta, lena n-áirítear na réigiúin is forimeallaí dá dtagraítear in Airteagal 349 de CFAE, nó in imthosca eisceachtúla, féadfar iarratais a thíolacadh i gcás inar leagadh níos lú ná 250 duine as.
- (15) D'fhonn dlúthpháirtíocht an Aontais a léiriú le hoibrithe a leagadh as agus le daoine féinfhostaithe a bhfuil deireadh tagtha lena ngníomhaíocht, ba cheart ráta cómhaoinithe chostas an phacáiste de sheirbhísí pearsantaithe agus chostas a chur chun feidhme a bheith cothrom leis an ráta atá ann do CSE+ sa Bhallstát lena mbaineann.
- (16) Cuid den bhuiséad de chuid an Aontais a leithdháiltear ar CED, ba cheart don Choimisiún é a chur chun feidhme faoi bhainistíocht chomhroinnte leis na Ballstáit de réir bhrí Rialachán (AE, Euratom) *[uimhir an Rialacháin Airgeadais nua]* ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle²⁸ (an 'Rialachán Airgeadais'). Dá bhrí sin, agus CED á chur chun feidhme faoi bhainistíocht chomhroinnte, ba cheart don Choimisiún agus do na Ballstáit cloí leis na prionsabail dá dtagraítear sa Rialachán Airgeadais, amhail an bhainistíocht fhónta airgeadais, an trédhearcacht agus an neamh-idirdhealú.
- (17) Déanann an Lárionad Faireacháin Eorpach um an Athrú, atá bunaithe san Fhoras Eorpach chun Dálaí Maireachtála agus Oibre a Fheabhsú (Eurofound) i mBaile Átha Cliath, cúnamh a thabhairt don Choimisiún agus do na Ballstáit i ndáil le hanailísi cáilíochtúla agus cainníochtúla chun cuidiú leis an measúnú ar threochtaí domhandaithe agus athstruchtúraithe agus ar úsáid CED.
- (18) Maidir le hoibrithe a leagadh as agus daoine féinfhostaithe a bhfuil deireadh tagtha lena ngníomhaíocht, ba cheart rochtain chothrom a bheith acu ar CED, ar shlí nach bhfuil spleách ar an gcineál conartha fostaíochta ná ar an gcineál caidrimh fostaíochta a bhí acu. Dá bhrí sin, oibrithe a leagadh as mar aon le daoine féinfhostaithe a bhfuil deireadh tagtha lena ngníomhaíochtaí, ba cheart iad a mheas mar thairbhíthe CED chun críocha an Rialacháin seo.
- (19) Ba cheart ranníocaíochtaí ó CED a dhíriú go príomha ar bhearta gníomhacha um an margadh saothair atá dírithe ar thairbhíthe a athimeascadh go tapa i bhfostaíocht inbhuanaithe, bíodh sé sin laistigh nó lasmuigh den eárnáil ina raibh siad ag obair ar dtús. Ba cheart na bearta a bheith ag teacht le riachtanais féidearthacha an mhargaidh saothair áitiúil nó réigiúnaigh. Mar sin féin, más ábhartha, ba cheart tacú le soghluaisteacht oibrithe a leagadh as d'fhonn cuidiú leo fostaíocht a aimsiú áit éigin eile. Leagfar béim ar leith ar chothú na scileanna a theastaíonn sa ré dhigiteach. Ba

²⁷ SWD (2018) 171 final ón gCoimisiún, agus an iarscríbhinn COM (2018) 321 final ag gabháil leis.

²⁸ IO L [...], [...], lch. [...].

cheart cuimsiú liúntas airgid i bpacáiste comhordaithe de sheirbhísí pearsantaithe a shrianadh. D'fhéadfaí cuideachtaí a spreagadh le bheith rannpháirteach sa chómhaoiniú do bhearta a fhaigheann tacaíocht ó CED.

- (20) Agus an pacáiste comhordaithe de bhearta gníomhacha beartais um an margadh saothair á tharraingt suas, ba cheart do na Ballstáit tús áite a thabhairt do bhearta a rannchuideoidh go suntasach le hinfhostaitheacht na dtairbhíthe. Ba cheart do na Ballstáit a ndícheall a dhéanamh an líon is mó is féidir de thairbhíthe atá rannpháirteach sna bearta sin a athimeascadh i bhfostaíocht inbhuanaithe a luaithe agus is féidir laistigh den tréimhse sé mhí roimh an dáta a bhfuil an tuarascáil deiridh maidir le cur chun feidhme na ranníocaíochta le cur isteach.
- (21) Ba cheart do na Ballstáit aird ar leith a thabhairt ar thairbhíthe faoi mhíbhuntáiste, lena n-áirítear daoine dífhostaithe, bídis ina ndaoine óga nó ina ndaoine níos sine, agus daoine atá i mbail na bochtaineachta, nuair a bhíonn an pacáiste comhordaithe de bhearta gníomhacha beartais um an margadh saothair á cheapadh acu, i bhfianaise go mbíonn fadhbanna ar leith ag na grúpaí sin dul isteach an athuair i margadh an tsaothair. Mar sin féin, ba cheart prionsabail an chomhionannais inscne agus an neamh-idirdhealaithe, atá i measc chroíluachanna an Aontais agus atá cumhdaithe i gColún Eorpach na gCeart Sóisialta, a urramú agus a chur chun cinn nuair a bhíonn CED á chur chun feidhme.
- (22) D'fhonn tacaíocht éifeachtach agus thapa a thabhairt do thairbhíthe, ba cheart do na Ballstáit a lándícheall a dhéanamh iarratais chomhlánaithe ar ranníocaíocht ó CED a thíolacadh. I gcás ina dteastaíonn tuilleadh faisnéise ón gCoimisiún chun measúnú a dhéanamh ar iarratas, ba cheart teorainn ama a bheith le soláthar na faisnéise breise sin.
- (23) Ar mhaithe leis na tairbhíthe agus na comhlachtaí atá freagrach as na bearta a chur chun feidhme, ba cheart don Bhallstát iarrthach na gníomhairí uile atá páirteach sa phróiseas iarratais a choinneáil ar an eolas maidir leis an dul chun cinn ar an iarratas.
- (24) I gcomhréir le prionsabal na bainistíochta fóna airgeadais, níor cheart go dtiocfadh ranníocaíochtaí ó CED in ionad bearta tacaíochta atá ar fáil do thairbhíthe i gcistí Aontais nó i mbeartais nó cláir eile de chuid an Aontais, ach ba cheart, nuair is féidir, go gcomhlánódh na ranníocaíochtaí na bearta tacaíochta sin.
- (25) Ba cheart forálacha speisialta a dhéanamh maidir le gníomhaíochtaí faisnéise agus cumarsáide a bhaineann leis na cásanna a chumhdaítear faoi CED agus maidir le torthaí na gníomhaíochtaí sin.
- (26) Chun cur chun feidhme an Rialacháin seo a éascú, ba cheart caiteachas a bheith incháilithe ón dáta ar a dtosaíonn Ballstát ag soláthar seirbhísí pearsantaithe nó ón dáta a dtabhaíonn Ballstát caiteachas riaracháin chun CED a chur chun feidhme.
- (27) Chun na riachtanais a thagann chun cinn a chumhdach, go háirithe i rith na chéad mhíonna de gach bliain, sa chás ina bhfuil deacracht ar leith ag baint leis na féidearthachtaí le haghaidh aistriú ó línte buiséid eile, ba cheart méid leormhaith de leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí a chur ar fáil ar líne bhuiséid CED sa nós imeachta buiséadach bliantúil.
- (28) [Is iad an Creat Airgeadais Ilbhliantúil agus an Comhaontú Idirinstitiúideach idir Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún an [dáta le socrú] maidir le

smacht buiséadach, comhar in ábhair bhuiséadacha agus bainistíocht fhónta airgeadais²⁹ ('an Comhaontú Idirinstitiúideach') a chinneann creat buiséadach CED].

- (29) Ar mhaithe leis na tairbhíthe, ba cheart cúnamh a chur ar fáil chomh tapa agus chomh héifeachtúil agus is féidir. Ba cheart do na Ballstáit agus institiúidí an Aontais atá páirteach i bpróiseas cinnteoireachta CED a ndícheall a dhéanamh amanna próiseála a laghdú agus nósanna imeachta a shimpliú ionas go ndéanfaí glacadh réidh agus mear na gcinntí maidir le forscaoileadh CED a áirithiú. Dá bhrí sin, amach anseo is é an tÚdarás Buiséadach a dhéanfaidh cinntí maidir le hiarrataí ar aistrithe arna dtíolacadh ag an gCoimisiún, agus gan gá a bheith le togra ón gCoimisiún chun CED a fhorscaoileadh a thuilleadh.
- (30) I gcás ina ndruidtear fiontar, féadfar cuidiú le hoibrithe a leagadh as ceannas cuid de ghníomhaíochtaí an iarfhostóra nó na gníomhaíochtaí go léir a thógáil ar láimh uaidh.
- (31) Chun grinnschrúdú polaitiúil ag Parlaimint na hEorpa agus faireachán leanúnach ag an gCoimisiún ar na torthaí arna mbaint amach le cúnamh CED a chumasú, ba cheart do na Ballstáit tuarascáil deiridh a thíolacadh maidir le cur chun feidhme CED.
- (32) Ba cheart do na Ballstáit a bheith freagrach i gcónaí as cur chun feidhme na ranníocaíochta agus as bainistiú agus rialú na ngníomhaíochtaí a dtugtar tacaíocht dóibh le maoiniú ón Aontas, i gcomhréir le forálacha ábhartha Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (an "Rialachán Airgeadais")³⁰ nó an Rialachán a thiocfaidh ina áit. Ba cheart do na Ballstáit údar a thabhairt le húsáid na ranníocaíochta a fhaigheann siad ó CED. I bhfianaise thréimhse ghearr chur chun feidhme oibríochtaí CED, ba cheart na hoibleagáidí tuairiscithe a bheith ag teacht le cineál ar leith na n-idirghabhálacha ó CED.
- (33) Ina theannta sin, aon neamhrialtachtaí, lena n-áirítear calaois arna déanamh ag tairbhíthe, ba cheart do na Ballstáit iad a chosc agus a bhrath agus déileáil go héifeachtach leo. Thairis sin, i gcomhréir le Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013³¹, Rialachán (Euratom, CE) Uimh. 2988/95³² agus Rialachán (Euratom, CE) Uimh. 2185/96³³, féadfaidh an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) imscrúduithe riaracháin a dhéanamh, lena n-áirítear seiceálacha agus cigireachtaí ar an láthair, d'fhonn a shuí ar tharla calaois, éilliú nó aon ghníomhaíocht neamhdhleathach eile a dhéanann difear do leasanna airgeadais an Aontais. I gcomhréir le Rialachán (AE) 2017/1939³⁴, féadfaidh Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh calaois agus cionta coiriúla eile a dhéanann difear do leasanna airgeadais an Aontais a fhiosrú agus a ionchúiseamh, de réir mar a fhoráiltear

²⁹ Tagairt le nuashonrú.

³⁰ Tagairt le nuashonrú.

³¹ Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Meán Fómhair 2013 maidir le himscrúduithe arna ndéanamh ag an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1073/1999 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (Euratom) Uimh. 1074/1999 ón gComhairle (IO L 248, 18.9.2013, lch. 1).

³² Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 2988/95 ón gComhairle an 18 Nollaig 1995 maidir le leasanna airgeadais na gComhphobal Eorpach a chosaint (IO L 312, 23.12.1995, lch. 1).

³³ Rialachán (Euratom, CE) Uimh. 2185/96 ón gComhairle an 11 Samhain 1996 maidir le seiceálacha agus cigireachtaí ar an láthair arna ndéanamh ag an gCoimisiún chun leasanna airgeadais na gComhphobal Eorpach a chosaint i gcoinne na calaoise agus neamhrialtachtaí eile (IO L 292, 15.11.1996, lch. 2).

³⁴ Rialachán (AE) 2017/1939 an 12 Deireadh Fómhair 2017 ón gComhairle lena gcuirtear chun feidhme comhar feabhsaithe maidir le bunú Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh ('OIPE') (IO L 283, 31.10.2017, lch. 1).

i dTreoir (AE) 2017/1371³⁵ maidir leis an gcomhrac in aghaidh na calaoise ar leasanna airgeadais an Aontais trí bhíthin an dlí choiriúil. Ba cheart do na Ballstáit na bearta is gá a dhéanamh ionas go gcomhoibreoidh aon duine nó aon eintiteas a fhaigheann cistí ón Aontas go hiomlán i gcosaint leasanna airgeadais an Aontais, go dtabharfaidh siad na cearta agus an rochtain is gá don Choimisiún, don Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF), d'Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (OIPE) agus do Chúirt Iniúchóirí na hEorpa (CIE), agus go n-áiritheoidh siad go dtabharfaidh aon tríú páirtithe a bheidh páirteach i gcur chun feidhme cistí de chuid an Aontais cearta coibhéiseacha. Ba cheart do na Ballstáit tuairisc a thabhairt don Choimisiún maidir leis na neamhrialtachtaí arna mbrath, lena n-áirítear calaois, agus maidir lena mbearta leantacha chomh maith leis na bearta leantacha mar gheall ar imscrúduithe de cuid OLAF.

- (34) I gcomhréir leis an Rialachán Airgeadais, Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1], Rialachán (Euratom, CE) Uimh. 2988/95 ón gComhairle[2], Rialachán (Euratom, CE) Uimh. 2185/96 ón gComhairle[3] agus Rialachán (AE) 2017/1939 ón gComhairle[4], déanfar leasanna airgeadais an Aontais a chosaint trí bhearta comhréireacha, lena n-áirítear trí neamhrialtachtaí agus calaois a chosc, a bhrath agus a fhiosrú, cistí a cailleadh, a íocadh go mícheart nó a úsáideadh go mícheart a ghnóthú agus, i gcás inarb iomchuí, smachtbhannaí riaracháin a fhorchur. Go háirithe, i gcomhréir le Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013 agus Rialachán (Euratom, CE) Uimh. 2185/96 féadfaidh an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) imscrúduithe a dhéanamh, lena n-áirítear seiceálacha agus cigireachtaí ar an láthair, d'fhonn a shuí ar tharla calaois, éilliú nó aon ghníomhaíocht neamhdhleathach eile a dhéanann difear do leasanna airgeadais an Aontais. I gcomhréir le Rialachán (AE) 2017/1939, féadfaidh Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh calaois agus gníomhaíochtaí neamhdhleathacha eile a dhéanann difear do leasanna airgeadais an Aontais a fhiosrú, de réir mar a fhoráiltear i dTreoir (AE) 2017/1371 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[5]. I gcomhréir leis an Rialachán Airgeadais, ní mór d'aon duine nó d'aon eintiteas a fhaigheann cistí ón Aontas comhoibriú go hiomlán i gcosaint leasanna airgeadais an Aontais agus na cearta agus an rochtain is gá a thabhairt don Choimisiún, do OLAF, do OIPE agus do Chúirt Iniúchóirí na hEorpa (CIE) agus ní mór dó a áirithiú go dtabharfaidh aon tríú páirtithe a bheidh páirteach i gcur chun feidhme cistí de chuid an Aontais cearta coibhéiseacha.
- (35) Beidh feidhm ag rialacha cothrománacha airgeadais arna nglacadh ag Parlaimint na hEorpa agus ag an gComhairle ar bhonn Airteagal 322 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh maidir leis an Rialachán seo. Leagtar síos na rialacha sin sa Rialachán Airgeadais agus socraítear leo go háirithe an nós imeachta maidir leis an mbuiséad a bhunú agus a chur chun feidhme le deontais, soláthar, duaiseanna agus cur chun feidhme indíreach, agus déantar foráil maidir le seiceálacha i dtaobh freagracht gníomhairí airgeadais. Ina theannta sin, baineann na rialacha arna nglacadh ar bhonn Airteagal 322 CFAE le cosaint bhuiséad an Aontais ar easnaimh ghinearálaithe i ndáil leis an smacht reachta sna Ballstáit, óir réamhchoinníoll bunriachtanach le haghaidh na bainistíochta fóna airgeadais agus cistiú éifeachtach ón Aontas is ea urramú an smachta reachta.

³⁵ Treoir (AE) 2017/1371 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Iúil 2017 maidir leis an gcomhrac in aghaidh na calaoise ar leasanna airgeadais an Aontais trí bhíthin an dlí choiriúil (IO L 198, 28.7.2017, lch. 29).

- (36) De bhun mhír 22 agus mhír 23 de Chomhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr, is gá meastóireacht a dhéanamh ar an gClár seo ar bhonn faisnéise arna bailiú trí cheanglais faireacháin shonracha agus, san am céanna, ró-rialáil agus ualach riaracháin, ar na Ballstáit go háirithe, a sheachaint. Ar na ceanglais sin, is féidir a áireamh, i gcás inarb iomchuí sin, táscairí intomhaiste mar bhonn chun meastóireacht a dhéanamh ar éifeachtaí an Chláir ar an láthair.
- (37) Tá tábhacht ag baint le dul i ngleic leis an athrú aeráide i gcomhréir leis na gealltanais atá tugtha ag an Aontas Comhaontú Pháras agus Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe a chur chun feidhme, agus léiriú air sin is ea é go rannchuideoidh an Clár seo chun na gníomhaíochtaí a dhéantar ar son na haeráide a phríomhshruthú i mbeartais an Aontais agus le baint amach na sprice arb é atá ann 25 % de chaiteachas bhuiséad an Aontais a bheith ag tacú le cuspóirí aeráide. Sainithneofar gníomhaíochtaí ábhartha le linn ullmhú agus chur chun feidhme an chiste, agus déanfar athmheasúnú ar na gníomhaíochtaí sin mar chuid den mheastóireacht a dhéanfar ar an gciste.
- (38) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóirí an Rialacháin seo a ghnóthú go leordhóthanach agus, de bharr a scála agus a n-éifeachtaí, gur fearr is féidir iad a ghnóthú ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí sin a ghnóthú.
- (39) Má áirítear go dteastaíonn leibhéal áirithe inniúlachta digití ón bhfórsa oibre de bharr chlaohlú digiteach an gheilleagair, ba cheart cothú na scileanna a theastaíonn sa ré dhigiteach a bheith ina ghné éigeantach chothrománach d'aon phacáiste comhordaithe de sheirbhísí pearsantaithe a thairgtear.

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Ábhar

Bunaítear leis an Rialachán seo an Ciste Eorpach um Choigeartú don Domhandú (CED).

Leagtar síos leis cuspóirí CED, na foirmeacha cistiúcháin ón Aontas agus na rialacha a bhaineann leis an gcistiú sin a sholáthar, lena n-áirítear iarratais ó na Ballstáit ar ranníocaíochtaí ó CED le haghaidh bearta atá dírithe ar na tairbhíthe dá dtagraítear in Airteagal 7.

Airteagal 2

Misean

Rannchuideoidh CED chun dáileadh níos fearr a dhéanamh ar shochair an domhandaithe agus sochair fhorbairt na teicneolaíochta trí chuidiú le hoibrithe a leagadh as oiriúnú don athrú struchtúrtha. Dá réir sin, rannchuideoidh CED chun na prionsabail a shainítear faoi Chólún Eorpach na gCeart Sóisialta a chur chun feidhme agus chun an comhtháthú sóisialta agus eacnamaíoch a fheabhsú i measc réigiún agus Ballstát.

Airteagal 3

Cuspóirí

1. Is é cuspóir ginearálta an chláir dlúthpháirtíocht a léiriú le hoibrithe a leagadh as agus le daoine féinfhostaithe a bhfuil deireadh tagtha lena ngníomhaíochtaí oibre de dheasca mórtheagmhais athstruchtúraithe nach raibh coinne leo dá dtagraítear in Airteagal 5, agus tacaíocht a thabhairt do na daoine sin.
2. Is é cuspóir sonrach CED cúnamh a thairiscint i gcás mórtheagmhais athstruchtúraithe, go háirithe na mórtheagmhais sin a tharla de bharr dúshláin a bhaineann leis an domhandú, amhail athruithe i bpatrúin na trádála domhanda, díospóidí trádála, géarchéimeanna airgeadais nó eacnamaíochta, an t-aistriú chuig an ngeilleagar ísealcharbóin nó de bharr dúshláin a bhaineann leis an digitiú nó leis an uathoibriú. Cuirfear béim ar leith ar na bearta a chuidíonn leis na grúpaí is mó atá faoi mhíbhuntáiste.

Airteagal 4

Sainmhínithe

Chun críocha an Rialacháin seo,

- (a) ciallaíonn “oibrí a leagadh as” oibrí ar cuireadh deireadh buan lena fhostaíocht, nó nach ndearnadh athnuachan ar a chonradh, de bharr cúiseanna eacnamaíocha;
- (b) ciallaíonn “duine féinfhostaithe” duine a raibh níos lú ná 10 n-oibrí fostaithe aige;
- (c) ciallaíonn “tairbhí” duine atá rannpháirteach i mbearta cómhaoinithe de chuid CED;
- (d) ciallaíonn “neamhrialtacht” aon sárú ar an dlí is infheidhme, de thoradh gníomh nó faillí a rinne oibreoir eacnamaíoch a bhfuil baint aige le cur chun feidhme CED, a bhfuil sé d’éifeacht aige, nó a mbeadh sé d’éifeacht aige, dochar a dhéanamh do bhuiséad an Aontais trí chaiteachas gan údar a ghearradh ar an mbuiséad sin.

Airteagal 5

Critéir idirghabhála

1. Féadfaidh Ballstáit cur isteach ar ranníocaíochtaí ó CED le haghaidh bearta atá dírithe ar oibrithe a leagadh as agus ar dhaoine féinfhostaithe i gcomhréir leis na forálacha a leagtar síos san Airteagal seo.
2. Soláthrófar ranníocaíocht ó CED i gcás mórtheagmhais athstruchtúraithe a bhfuil de thoradh orthu na nithe seo a leanas:
 - (a) deireadh a chur le gníomhaíocht breis agus 250 oibrí a leagadh as nó 250 duine féinfhostaithe, thar thréimhse thagartha ceithre mhí, i bhfiontar i mBallstát, lena n-áirítear i gcás ina bhfuil feidhm aige sin maidir le soláthraithe an fhiontair nó a tháirgeoirí iartheachacha;
 - (b) deireadh a chur le gníomhaíocht breis agus 250 oibrí a leagadh as nó 250 duine féinfhostaithe, thar thréimhse thagartha sé mhí, go háirithe in FBManna, i gcás ina bhfuil siad uile ag feidhmiú san earnáil eacnamaíoch chéanna arna sainiú sa leibhéal rannáin NACE Athbhreithniú 2 agus ina bhfuil siad lonnaithe i réigiún amháin nó in dhá réigiún theorantacha arna sainiú ar leibhéal NUTS 2, nó i níos mó ná dhá réigiún theorantacha arna sainiú ar leibhéal NUTS 2 ar

choinníoll gurb ann do níos mó ná 250 oibrí nó duine féinfhostaithe, atá thíos leis in dhá cheann de na réigiúin le chéile;

- (c) deireadh a chur le gníomhaíocht breis agus 250 oibrí a leagadh as nó 250 duine féinfhostaithe, thar thréimhse thagartha ceithre mhí, go háirithe in FBManna, i gcás ina bhfuil siad uile ag feidhmiú san earnáil eacnamaíoch céanna nó in earnálacha éagsúla eacnamaíocha arna sainiú sa leibhéal rannáin NACE Athbhreithniú 2 agus ina bhfuil siad lonnaithe sa réigiún céanna arna sainiú ar leibhéal NUTS 2.
- 3. I gcás margaí saothair beaga nó in imthosca eisceachtúla, go háirithe maidir le hiarratais lena mbaineann FBManna, agus i gcás ina dtugann an Ballstát iarrthach bunús cuí leis, féadfar a mheas go bhfuil iarratas ar ranníocaíocht faoin Airteagal seo inghlactha fiú mura ndéantar na critéir a leagtar síos i bpointe (a), pointe (b) nó pointe (c) de mhír 1 a chomhlíonadh ina n-iomláine, nuair a bhíonn mórthionchar ag na hiomarcaíochtaí ar fhostaíocht agus ar an ngeilleagar áitiúil nó réigiúnach. Sonróidh an Ballstát iarrthach cé acu de na critéir idirghabhála a leagtar amach i bpointe (a), pointe (b) agus pointe (c) de mhír 1 nach bhfuil á chomhlíonadh ina iomláine. Ní rachaidh méid comhiomlánaithe na ranníocaíochtaí in imthosca eisceachtúla thar 15 % d'uasteorainn bhliantúil CED.
- 4. Ní fhéadfar CED a fhorscaoileadh nuair a bhristear oibrithe as a bpost de bharr ciorraithe buiséid arna ndéanamh ag Ballstát, a bhfuil tionchar acu ar earnálacha a bhíonn ag brath ar mhaoiniú poiblí.

Airteagal 6

Leagan as agus deireadh le gníomhaíocht a ríomh

- 1. Sonróidh an Ballstát iarrthach an modh a úsáidtear chun líon na n-oibrithe agus na ndaoine féinfhostaithe dá sainítear in Airteagal 4 a ríomh chun críche Airteagal 5.
- 2. Déanfaidh an Ballstát iarrthach an líon dá dtagraítear i mír 1 a ríomh amhail ar cheann de na dátaí seo a leanas:
 - (a) an dáta ar a dtugann an fostóir, i gcomhréir le hAirteagal 3(1) de Threoir 98/59/CE ón gComhairle³⁶, fógra i scríbhinn don údarás poiblí inniúil maidir leis na hiomarcaíochtaí comhchoiteanna réamh-mheasta;
 - (b) dáta fhógra indibhidiúil an fhostóra go bhfuil sé chun an t-oibrí a leagan as nó chun conradh fostaíochta an oibrí a fhoirceannadh;
 - (c) dáta foirceanta de facto an chonartha fostaíochta nó dáta éaga an chonartha sin;
 - (d) deireadh na tréimhse leis an ngnóthas úsáideora; nó
 - (e) i gcás duine féinfhostaithe, an dáta a dtagann deireadh leis na gníomhaíochtaí mar a chinntear i gcomhréir leis an dlí náisiúnta nó le forálacha riaracháin.

Sna cásanna dá dtagraítear i bpointe (a), déanfaidh an Ballstát iarrthach faisnéis bhreise a sholáthar don Choimisiún maidir le líon iarbhair na n-iomarcaíochtaí a tharla i gcomhréir le hAirteagal 5(1) den Rialachán seo, sula gcuirfidh an Coimisiún an measúnú i gcrích.

³⁶ Tagairt le seiceáil/nuashonrú: Treoir 98/59/CE ón gComhairle an 20 Iúil 1998 maidir le comhfhogasú dhlíthe na mBallstát a bhaineann le hiomarcaíochtaí comhchoiteanna ([IO L 225, 12.8.1998, lch. 16](#)).

Airteagal 7

Tairbhíthe incháilithe

Féadfaidh an Ballstát iarrthach pacáiste comhordaithe de sheirbhísí pearsantaithe i gcomhréir le hAirteagal 8, arna gcómhaoiniú ag CED, a sholáthar do thairbhíthe incháilithe, lena n-áirítear:

- (a) oibrithe a leagadh as agus daoine féinfhostaithe a bhfuil deireadh tagtha lena ngníomhaíocht, arna ríomh i gcomhréir le hAirteagal 6, laistigh den tréimhse thagartha dá bhforáiltear in Airteagal 5;
- (b) oibrithe a leagadh as agus daoine féinfhostaithe a bhfuil deireadh tagtha lena ngníomhaíocht, arna ríomh i gcomhréir le hAirteagal 6, lasmuigh den tréimhse thagartha dá bhforáiltear in Airteagal 5; sa chás inar tharla sin 6 mhí roimh thús na tréimhse tagartha nó idir dheireadh na tréimhse tagartha agus an lá deiridh roimh dháta críochnaithe an mheasúnaithe ag an gCoimisiún.

Measfar na hoibrithe agus na daoine féinfhostaithe dá dtagraítear i bpointe (b) agus i bpointe (c) a bheith incháilithe, ar choinníoll gur féidir nasc cúisíoch soiléir a aithint leis an teagmhas a spreag na hiomarcaíochtaí le linn na tréimhse tagartha.

Airteagal 8

Bearta incháilithe

1. Féadfar ranníocaíocht ó CED a dhéanamh le haghaidh bearta gníomhacha um an margadh saothair atá ina gcuid de phacáiste comhordaithe de sheirbhísí pearsantaithe, atá ceaptha chun athimeascadh tapa san fhostaíocht nó san fhéinfhostaíocht a éascú do na tairbhíthe a bhfuiltear ag díriú orthu agus, go háirithe, na daoine is mó atá faoi mhíbhuntáiste i measc na n-oibrithe sin a leagadh as.

Gné éigeantach chothrománach d'aon phacáiste comhordaithe de sheirbhísí pearsantaithe a thairgtear is ea cothú na scileanna a theastaíonn don ré dhigiteach. Cuirfear leibhéal na hoiliúna in oiriúint do cháilíochtaí agus riachtanais an tairbhí lena mbaineann.

Féadfar na nithe seo a leanas, go háirithe, a áireamh sa phacáiste comhordaithe de sheirbhísí pearsantaithe:

- (a) oiliúint agus athoiliúint shainoiriúnaithe, lena n-áirítear scileanna teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide agus scileanna eile a theastaíonn sa ré dhigiteach, deimhniú ar an taithí a fuarthas, cúnamh i gcuardach poist, treoir ghairme, seirbhísí comhairleacha, meantóireacht, cúnamh do shocrúchán oibre seachtrach, cur chun cinn na fiontraíochta, cúnamh don fhéinfhostaíocht, do bhunú gnó agus do tháthcheangail ó fhostaithe aníos, agus gníomhaíochtaí comhair;
- (b) bearta speisialta a bhfuil teorainn ama leo, amhail liúntais um chuardach poist, dreasachtaí earcaíochta d'fhostóirí, liúntais soghluaisteachta, liúntais chothabhála nó oiliúna, lena n-áirítear liúntais do chúramóirí.

Ní fhéadfaidh costais na mbeart dá dtagraítear i bpointe (b) a bheith os cionn 35 % de na costais iomlána don phacáiste comhordaithe de sheirbhísí pearsantaithe a liostaítear sa mhír seo.

Ní fhéadfaidh na hinfheistíochtaí le haghaidh féinfhostaíochta, le haghaidh túsbhunú gnóthais nó le haghaidh táthcheangail ó fhostaí aníos a bheith os cionn EUR%20 000 in aghaidh an oibrí a leagadh as.

I ndearadh an phacáiste comhordaithe de sheirbhísí pearsantaithe, cuirfear san áireamh a bhfuil á thuar don mhargadh saothair amach anseo agus na scileanna a mheastar a bheidh ag teastáil. Beidh an pacáiste comhordaithe comhoiriúnach leis an aistriú chuig geilleagar ísealcharbóin atá éifeachtúil ó thaobh acmhainní de, leagfar béim ann ar chothú na scileanna a theastaíonn sa ré dhigiteach agus tabharfar aird ar an éileamh sa mhargadh saothair áitiúil.

2. Ní bheidh na bearta seo a leanas incháilithe le haghaidh ranníocaíochtaí ó CED:
 - (a) bearta speisialta a bhfuil teorainn ama leo dá dtagraítear i bpointe (b) de mhír 1, nach bhfuil ag brath ar rannpháirtíocht ghníomhach na dtairbhíthe ar a bhfuiltear ag díriú i ngníomhaíochtaí a bhaineann le cuardach poist nó le hoiliúint;
 - (b) bearta a bhfuil fiontair freagrach astu de bhua an dlí náisiúnta nó comhaontuithe comhchoiteanna.

Ní bheidh bearta a fhaigheann tacaíocht ó CED mar ionadú ar bhearta cosanta sóisialta éighníomhacha.

3. Déanfar an pacáiste comhordaithe de sheirbhísí pearsantaithe a tharraingt suas i gcomhairle leis na tairbhíthe a bhfuiltear ag díriú orthu nó a n-ionadaithe, nó leis na comhpháirtithe sóisialta.
4. Ar thionscnamh an Bhallstáit iarrthaigh, féadfar ranníocaíocht ó CED a dhéanamh le haghaidh na ngníomhaíochtaí ullmhúcháin, bainistíochta, faisnéise agus poiblíochta, rialaithe agus tuairiscithe.

Airteagal 9

Iarratais

1. Déanfaidh an Ballstát iarrthach iarratas a thíolacadh don Choimisiún laistigh de 12 sheachtain ón dáta a chomhlíontar na critéir a leagtar amach in Airteagal 5(2) nó (3).
2. Laistigh de dheich lá oibre ón dáta a tíolacadh an t-iarratas, nó, i gcás inarb infheidhme, ón dáta a gheobhaidh an Coimisiún aistriúchán ar an iarratas, cibé acu is déanaí, cuirfidh an Coimisiún in iúl don Bhallstát má tá aon fhaisnéis bhreise fós ag teastáil uaidh chun an t-iarratas a mheasúnú.
3. I gcás ina n-iarann an Coimisiún faisnéis bhreise, tabharfaidh an Ballstát freagra air sin laistigh de dheich lá oibre ó dháta na hiarrata. Déanfaidh an Coimisiún an sprioc-am sin a fhadú deich lá oibre, ar iarraidh chuí-réasúnaithe a fháil ón mBallstát lena mbaineann.
4. Ar bhonn na faisnéise arna soláthar ag an mBallstát, déanfaidh an Coimisiún a mheasúnú ar an gcaoi a bhfuil na coinníollacha chun ranníocaíocht a chur ar fáil á gcomhlíonadh ag an iarratas a chur i gcrích laistigh de 60 lá oibre ón iarratas comhlánaithe a fháil nó, i gcás inarb infheidhme, ón aistriúchán ar an iarratas sin a fháil. I gcás nach mbeidh an Coimisiún in ann, ar bhonn eisceachtúil, an sprioc-am sin a chomhlíonadh, soláthróidh sé míniú i scríbhinn ina leagtar amach na cúiseanna atá leis an moill.

5. Ní mór an fhaisnéis seo a leanas a áireamh san iarratas:
- (a) measúnú ar líon na n-iomarcaíochtaí i gcomhréir le hAirteagal 6, lena n-áirítear an modh ríofa;
 - (b) i gcás inar lean an fiontar atá ag dífhosú dá chuid gníomhaíochtaí tar éis na n-asleaganacha, an deimhniú go bhfuil a chuid oibleagáidí dlíthiúla lena rialaítear na hiomarcaíochtaí comhlíonta aige;
 - (c) tuairisc achomair ar na teagmhais ba chúis le leagan as na n-oibrithe;
 - (d) i gcás inarb infheidhme, sainaitheantas na bhfiontar atá ag dífhosú, na soláthraithe nó na dtáirgeoirí iartheachtacha, na n-earnálacha agus na gcatagóirí tairbhíthe a bhfuiltear ag díriú orthu agus miondealú déanta de réir inscne, de réir aoisghrúpa agus de réir leibhéal oideachais;
 - (e) an tionchar a mheastar a bheidh ag na hiomarcaíochtaí i dtaca leis an ngeilleagar áitiúil, réigiúnach nó náisiúnta agus i dtaca le fostaíocht;
 - (f) tuairisc mhionsonraithe ar an bpacáiste comhordaithe de sheirbhísí pearsantaithe agus ar an gcaiteachas gaolmhar, lena n-áirítear, go háirithe, aon bhearta mar thaca le tionscnaimh fostaíochta do thairbhíthe faoi mhíbhuntáiste, tairbhíthe níos sine agus tairbhíthe óga;
 - (g) míniú ar an méid a cuireadh na moltaí a leagtar amach i gCreat Cáilíochta an Aontais Eorpaigh um réamhaíocht ar athrú agus athstruchtúrú san áireamh, agus ar an dóigh a gcomhlánaíonn an pacáiste comhordaithe de sheirbhísí pearsantaithe na gníomhaíochtaí arna maoiniú ag cistí náisiúnta eile nó ag cistí eile de chuid an Aontais, lena n-áirítear faisnéis maidir le bearta atá éigeantach do na fiontair lena mbaineann de bhua an dlí náisiúnta nó de bhun comhaontuithe comhchoiteanna;
 - (h) an buiséad measta do gach ceann de chomhpháirteanna an phacáiste comhordaithe de sheirbhísí pearsantaithe a bheidh ina dtaca ag na tairbhíthe a bhfuiltear ag díriú orthu agus d'aon ghníomhaíochtaí ullmhúcháin, bainistíochta, faisnéise agus poiblíochta, rialaithe agus tuairiscithe;
 - (i) chun críocha meastóireachta, spriocanna sonracha tascacha arna sainiú ag an mBallstát i ndáil le ráta athfhosaithe na dtairbhíthe sé mhí tar éis dheireadh na tréimhse cur chun feidhme;
 - (j) na dátaí ar ar cuireadh tús leis na seirbhísí pearsantaithe do na tairbhíthe a bhfuiltear ag díriú orthu agus leis na gníomhaíochtaí chun CED a chur chun feidhme, mar a leagtar amach in Airteagal 8, nó na dátaí ar a bhfuiltear in ainm agus tús a chur leo;
 - (k) na nósanna imeachta a leanadh chun dul i gcomhairle leis na tairbhíthe a bhfuiltear ag díriú orthu nó lena n-ionadaithe nó leis na comhpháirtithe sóisialta chomh maith le húdaráis áitiúla agus réigiúnacha nó le páirtithe leasmhara ábhartha eile de réir mar is infheidhme;
 - (l) ráiteas comhlíontachta maidir leis an tacaíocht arna hiarraidh ó CED, i leith rialacha nós imeachta agus ábhair an Aontais maidir le Státchabhair chomh maith le ráiteas ina leagtar amach an chúis nach dtagann an pacáiste comhordaithe de sheirbhísí pearsantaithe in ionad bearta a bhfuil cuideachtaí freagrach astu de bhua an dlí náisiúnta nó de bhua comhaontuithe comhchoiteanna;

- (m) foinsí réamh-mhaoinithe nó cómhaoinithe náisiúnta agus cómhaoiniú eile más infheidhme.

Airteagal 10

Comhlántacht, comhlíonadh agus comhordú

1. Ní chuirfear ranníocaíocht ó CED in ionad bearta a bhfuil cuideachtaí freagrach astu de bhua an dlí náisiúnta nó de bhua comhaontuithe comhchoiteanna.
2. Comhlánóidh tacaíocht do na tairbhíthe a bhfuiltear ag díriú orthu bearta arna ndéanamh ag na Ballstáit ar an leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil, lena n-áirítear bearta arna gcómhaoiniú ó chistí de chuid an Aontais, i gcomhréir leis na moltaí a leagtar amach i gCreat Cáilíochta an Aontais Eorpaigh um réamhaíocht ar athrú agus athstruchtúrú.
3. Beidh an ranníocaíocht ó CED teoranta don mhéid is gá le tacaíocht shealadach, aonuaire a sholáthar do na tairbhíthe a bhfuiltear ag díriú orthu. Comhlíonfaidh na gníomhaíochtaí a fhaigheann tacaíocht ó CED dlí an Aontais agus an dlí náisiúnta, lena n-áirítear na rialacha maidir le Státchabhair.
4. I gcomhréir lena bhfreagrachtaí féin, áiritheoidh an Coimisiún agus an Ballstát iarrthach comhordú an chúnaimh ó chistí an Aontais.
5. Maidir leis na bearta sonracha a fhaigheann ranníocaíocht ó CED, áiritheoidh an Ballstát iarrthach nach bhfaigheann siad cúnamh ó ionstraimí airgeadais eile de chuid an Aontais freisin.

Airteagal 11

Comhionannas idir fir agus mná agus neamh-idirdhealú

Áiritheoidh an Coimisiún agus na Ballstáit maidir le comhionannas idir fir agus mná agus comhtháthú ghné na hinscne gur bunchuid iad de chur chun feidhme na ranníocaíochta ó CED agus go gcuirfear chun cinn iad le linn na gcéimeanna éagsúla den ranníocaíocht ó CED.

Déanfaidh an Coimisiún agus an Ballstát gach beart iomchuí chun aon idirdhealú atá bunaithe ar inscne, ar fhéiniúlacht inscne, ar chine nó ar bhunadh eitneach, ar reiligiún nó ar chreideamh, ar mhíchumas, ar aois nó ar chlaonadh gnéasach a chosc maidir le rochtain ar CED agus le linn na gcéimeanna éagsúla de chur chun feidhme na ranníocaíochta.

Airteagal 12

Cúnamh teicniúil ar thionscnamh ón gCoimisiún

1. Ar thionscnamh ón gCoimisiún, féadfar uasmhéid 0.5 % d'uasteorainn bhliantúil CED a úsáid le haghaidh cúnamh teicniúil agus cúnamh riaracháin chun an ciste a chur chun feidhme, amhail gníomhaíochtaí ullmhúcháin, faireacháin, rialaithe, iniúchóireachta agus meastóireachta, lena n-áirítear córais teicneolaíochta faisnéise chorparáideacha, gníomhaíochtaí cumarsáide agus na gníomhaíochtaí sin a chuireann le hinfheictheacht CED, agus bearta teicniúla agus riaracháin eile. Féadfaidh bearta den sórt sin clárthréimhsí amach anseo nó roimhe seo a chumhdach.
2. Faoi réir na huasteorann a leagtar amach i mír 1, tíolacfaidh an Coimisiún iarratas ar aistriú leithreasuithe le haghaidh cúnamh teicniúil chuig na línte buiséid ábhartha i gcomhréir le hAirteagal 31 den Rialachán Airgeadais.

3. Cuirfidh an Coimisiún cúnamh teicniúil chun feidhme ar a thionscnamh féin faoi bhainistíocht dhíreach nó indíreach i gcomhréir le [pointe (a) agus pointe (c) d’Airteagal 62(1)] den Rialachán Airgeadais.
4. Áireofar ar chúnamh teicniúil an Choimisiúin faisnéis agus treoir a sholáthar do na Ballstáit maidir le húsáid CED, agus maidir le faireachán agus meastóireacht a dhéanamh air. Soláthróidh an Coimisiún faisnéis freisin mar aon le treoir fhollasach maidir le húsáid CED do na comhpháirtithe sóisialta náisiúnta agus Eorpacha. Mar chuid den treoir sin, d’fhéadfadh sé go gcuirfí tascfhórsaí ar bun i gcás mórshuaitheadh eacnamaíoch i mBallstát ar leith.

Airteagal 13

Faisnéis, cumarsáid agus poiblíocht

1. Tabharfaidh faighteoirí cistithe ón Aontas aitheantas d’fhoinsé an chistithe ón Aontas agus áiritheoidh siad infheictheacht an chistithe trí fhaisnéis spriocdhírthe atá comhleanúnach, éifeachtach agus comhréireach a sholáthar do shainghrúpaí éagsúla, lena n-áirítear faisnéis spriocdhírthe do thairbhíthe, d’údaráis áitiúla agus réigiúnacha, do chomhpháirtithe sóisialta, do na meáin agus don phobal.
Úsáidfídh Ballstáit suaitheantas an Aontais Eorpaigh i gcomhréir le [Iarscríbhinn VII de Rialachán na bhForálacha Coiteanna] mar aon le ráiteas simplí faoin maoiniú (“maoinithe/cómhainithe ag an Aontas Eorpach”).
2. Déanfaidh an Coimisiún láithreach ar líne a chothabháil agus a nuashonrú go rialta, a bheidh inrochtana sna teangacha oifigiúla uile de chuid an Aontais, chun faisnéis nuashonraithe a chur ar fáil maidir le CED, mar aon le treoir maidir le hiarratais a chur isteach, chomh maith le faisnéis maidir le hiarratais ar glacadh leo agus a diúltaíodh, agus ar ról Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle sa nós imeachta buiséadach.
3. Cuirfidh an Coimisiún gníomhaíochtaí faisnéise agus cumarsáide chun feidhme maidir le cásanna a chumhdaítear faoi CED agus maidir le torthaí na gcásanna sin, bunaithe ar a thaithí agus é mar aidhm aige feabhas a chur ar éifeachtacht CED agus a áirithiú go bhfuil a fhios ag saoránaigh agus ag oibrithe an Aontais mar gheall ar CED.
Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfar gach ábhar cumarsáide agus infheictheachta a chur ar fáil d’institiúidí, comhlachtaí nó gníomhaireachtaí an Aontais, arna iarraidh sin, agus go dtabharfar don Aontas ceadúnas atá saor ó ríchíos, neamheisiach agus do-chúlghairthe chun an t-ábhar sin a úsáid maille le haon chearta a bhaineann leis cheana féin. Bronnann an ceadúnas na cearta seo a leanas ar an Aontas:
 - úsáid inmheánach i.e. an ceart a thabhairt d’institiúidí agus gníomhaireachtaí an Aontais Eorpaigh agus d’institiúidí agus gníomhaireachtaí Bhallstáit an Aontais Eorpaigh, agus dá bhfostaithe, na hábhair chumarsáide agus infheictheachta a atáirgeadh, a chóipeáil agus a chur ar fáil;
 - atáirgeadh na n-ábhar cumarsáide agus infheictheachta trí aon mhodh agus in aon fhoirm, ina n-iomláine nó i bpáirt;
 - na hábhair chumarsáide agus infheictheachta a chur in iúl don phobal trí úsáid a bhaint as na modhanna cumarsáide go léir;

- na hábhair chumarsáide agus infheictheachta (nó cóipeanna díobh) a dháileadh ar an bpobal i bhfoirm ar bith;
- na hábhair chumarsáide agus infheictheachta a stóráil agus a chartlannú
- na cearta do na hábhair chumarsáide agus infheictheachta a fho-theadúnú do thríú páirtithe

Féadfar cearta breise a bhronnadh ar an Aontas.

4. Na hacmhainní a leithdháilfear ar ghníomhaíochtaí cumarsáide faoin Rialachán seo, rannchuideoidh siad le cumarsáid chorpáraideach thosaíochtaí polaitiúla an Aontais freisin, ar choinníoll go mbaineann siad leis na cuspóirí ginearálta dá dtagraítear in Airteagal 3.

Airteagal 14

An ranníocaíocht a chinneadh

1. Ar bhonn an mheasúnaithe arna chur i gcrích i gcomhréir le hAirteagal 9, agus aird á tabhairt go háirithe ar líon na dtairbhíthe a bhfuiltear ag díriú orthu, ar na gníomhaíochtaí beartaithe agus ar na costais mheasta, déanfaidh an Coimisiún meastóireacht agus moladh a luaithis is féidir maidir le méid na ranníocaíochta ó CED a fhéadfar a íoc laistigh de theorainneacha na n-acmhainní atá ar fáil.
2. Déanfar ráta cómhaoinithe CED do na bearta a thairgtear a ailíniú leis an ráta cómhaoinithe CSE+ is airde sa Bhallstát lena mbaineann.
3. I gcás ina gcinneann an Coimisiún, ar bhonn measúnaithe arna dhéanamh i gcomhréir le hAirteagal 9, go bhfuil na coinníollacha maidir le ranníocaíocht faoin Rialachán seo á gcomhlíonadh, cuirfidh sé tús láithreach leis an nós imeachta a leagtar amach in Airteagal 16.
4. I gcás ina gcinneann an Coimisiún, ar bhonn measúnú arna dhéanamh i gcomhréir le hAirteagal 9, nach bhfuil na coinníollacha maidir le ranníocaíocht faoin Rialachán seo á gcomhlíonadh, cuirfidh sé sin in iúl don Bhallstát iarrthach láithreach.

Airteagal 15

Tréimhse incháilitheachta

1. Beidh caiteachas incháilithe le haghaidh ranníocaíocht ó CED ó na dátaí a leagtar amach san iarratas de bhun phointe (j) d'Airteagal 9(5) ar a dtosaíonn an Ballstát lena mbaineann, nó ar a bhfuil sé in ainm agus tosú, ag tabhairt na seirbhísí pearsantaithe do na tairbhíthe a bhfuiltear ag díriú orthu, nó ar a dtabhaíonn an Ballstát lena mbaineann an caiteachas riaracháin chun CED a chur chun feidhme, i gcomhréir le hAirteagal 8(1) agus (4).
2. Déanfaidh an Ballstát na bearta incháilithe a leagtar amach in Airteagal 8 a luaithis agus is féidir, agus tráth nach déanaí ná 24 mhí tar éis dháta theacht i bhfeidhm an chinnidh maidir leis an ranníocaíocht.
3. Is é atá sa tréimhse cur chun feidhme tréimhse dar tús na dátaí a leagtar amach san iarratas de bhun phointe (j) d'Airteagal 9(5) ar a dtosaíonn an Ballstát lena mbaineann ag tabhairt na seirbhísí pearsantaithe do na tairbhíthe a bhfuiltear ag díriú orthu agus ar a dtosaíonn sé na gníomhaíochtaí chun CED a chur chun feidhme, mar

a leagtar amach in Airteagal 8, agus críochnaíonn an tréimhse 24 mhí tar éis dháta theacht i bhfeidhm an chinnidh maidir le ranníocaíocht.

4. I gcás ina bhfaighidh tairbhí rochtain ar chúrsa oideachais nó oiliúna a mhaireann dhá bhliain nó níos faide, beidh costas an chúrsa sin incháilithe le haghaidh cómhaoiniú ó CED go dtí an dáta ar a mbeidh an tuarascáil deiridh dá dtagraítear in Airteagal 20(1) dlite, ar choinníoll go mbeidh na costais ábhartha íoctha roimh an dáta sin.
5. Beidh caiteachas de bhun Airteagal 8(4) incháilithe go dtí an sprioc-am chun an tuarascáil deiridh a thíolacadh i gcomhréir le hAirteagal 20(1).

Airteagal 16

Nós imeachta buiséadach agus cur chun feidhme

1. I gcás ina gcinneann an Coimisiún go bhfuil na coinníollacha maidir le ranníocaíocht ó CED a sholáthar á gcomhlíonadh, iarrfaidh sé go ndéanfar na línte buiséid ábhartha a aistriú i gcomhréir le hAirteagal 31 den Rialachán Airgeadais.
2. Ní mór achoimre ar an scrúdú a rinneadh ar incháilitheacht an iarratais a bheith ag gabháil leis an iarraidh ar aistriú.
3. Glacfaidh an Coimisiún cinneadh maidir le ranníocaíocht, trí bhíthin gníomh cur chun feidhme, a thiocfaidh i bhfeidhm ar an dáta a fhaigheann an Coimisiún fógra faoi fhorghéar an aistrithe bhuiséadaigh ag Parlaimint na hEorpa agus ag an gComhairle. Cinneadh maoinithe a bheidh sa chinneadh sin de réir bhrí Airteagal 110 den Rialachán Airgeadais.

Airteagal 17

Íocaíocht agus úsáid na ranníocaíochta

1. Tar éis teacht i bhfeidhm cinnidh maidir le ranníocaíocht i gcomhréir le hAirteagal 16(3) íocfaidh an Coimisiún an ranníocaíocht leis an mBallstát lena mbaineann in íocaíocht réamh-mhaoinithe amháin arb é 100 % de mhéid na ranníocaíochta, agus déanfar sin i bprionsabal laistigh de 15 lá oibre. Déanfar an réamh-mhaoiniú a imréiteach a luaith a bheidh an ráiteas caiteachais deimhnithe curtha isteach ag an mBallstát i gcomhréir le hAirteagal 20(1). Déanfar aon mhéid nár caitheadh a aisíoc leis an gCoimisiún.
2. Déanfar an ranníocaíocht dá dtagraítear i mír 1 a chur chun feidhme faoi bhainistíocht chomhroinnte i gcomhréir le hAirteagal 63 den Rialachán Airgeadais.
3. Cinnfidh an Coimisiún téarmaí mionsonraithe teicniúla an mhaoinithe sa chinneadh maidir le ranníocaíocht dá dtagraítear in Airteagal 16(3).
4. Agus na bearta atá sa phacáiste de sheirbhísí pearsantaithe á ndéanamh aige, féadfaidh an Ballstát lena mbaineann togra a chur faoi bhráid an Choimisiúin chun na bearta a áirítear a leasú trí bhearta incháilithe eile a liostaítear i bpointe (a) agus i bpointe (b) d'Airteagal 8(1) a chur leo, ar choinníoll go dtugtar údar cuí le leasuithe den sórt sin agus nach dtéann an t-iomlán thar mhéid na ranníocaíochta dá dtagraítear in Airteagal 16(3). Déanfaidh an Coimisiún measúnú ar na leasuithe arna mbeartú agus, má aontaíonn sé, leasóidh sé an cinneadh maidir le ranníocaíocht dá réir sin.
5. Beidh solúbthacht ag an mBallstát lena mbaineann méideanna a ath-leithdháileadh idir míreanna buiséid a leagtar síos sa chinneadh maidir le ranníocaíocht de bhun

Airteagal 16(3). Sa chás go bhfágfadh ath-leithdháileadh go mbeadh níos mó ná méadú 20 % ar cheann amháin nó níos mó de na míreanna lena mbaineann, tabharfaidh an Ballstát fógra don Choimisiún roimh ré.

Airteagal 18

Úsáid an euro

Is in euro a léireofar gach méid in iarratais, i gcinntí maidir le ranníocaíochtaí, i dtuarascálacha agus i ngach doiciméad eile, arna ndéanamh faoin Rialachán seo.

Airteagal 19

Táscairí

1. Leagtar amach san Iarscríbhinn na táscairí a úsáidfear le tuairisciú a dhéanamh ar dhul chun cinn an Chláir maidir le baint amach na gcuspóirí a leagtar amach in Airteagal 3.
2. Leis an gcóras tuairiscithe feidhmíochta, áiríteofar go mbaileofar na sonraí is gá chun faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme agus torthaí an Chláir ar dhóigh atá éifeachtúil, éifeachtach agus tráthúil. Chuige sin, forchuirfear ceanglais chomhréireacha tuairiscithe ar na Ballstáit.
3. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmlichte a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 25 chun na táscairí san Iarscríbhinn a leasú i gcás ina meastar gur gá sin chun measúnú éifeachtach a dhéanamh ar úsáid an chiste.

Airteagal 20

Tuarascáil deiridh agus dúnadh

1. Tráth nach déanaí ná seacht mí tar éis dhul in éag na tréimhse a shonraítear in Airteagal 15(3), déanfaidh an Ballstát lena mbaineann tuarascáil deiridh a thíolacadh don Choimisiún maidir le cur chun feidhme na ranníocaíochta, lena n-áirítear faisnéis maidir leis na nithe seo a leanas:
 - (a) cineál na mbeart agus a bpríomhthorthaí, lena mínítear na dúshláin a bhí ann, na ceachtanna a foghlaimíodh, sineirgíochtaí agus comhlántachtaí le cistí eile de chuid an Aontais, agus lena léirítear, más féidir, comhlántacht na mbeart le bearta arna maoiniú ag cláir eile de chuid an Aontais nó ag cláir náisiúnta i gcomhréir le Creat Cáilíochta an Aontais Eorpaigh um réamhaíocht ar athrú agus athstruchtúrú;
 - (b) ainmneacha na gcomhlachtaí a sheachadann an pacáiste beart sa Bhallstát;
 - (c) na táscairí a leagtar amach in Airteagal 19;
 - (d) torthaí suirbhé ar na tairbhithe arna dhéanamh sé mhí tar éis dheireadh na tréimhse cur chun feidhme, lena gcumhdófar an t-athrú a mheastar a bheith tagtha ar dhálaí infhostaitheachta na dtairbhithe, nó i gcás na dtairbhithe sin a bhfuil post faighte acu cheana, níos mó faisnéis faoi cháilíocht na fostaíochta a fuair siad, amhail aon athrú ar na huaireanta oibre, ar an leibhéal freagrachta nó ar an tuarascáil i gcomparáid leis an bhfostaíocht a bhí acu roimhe, agus faoin earnáil ina bhfuair an duine fostaíocht, agus miondealú déanta de réir inscne, de réir aoisghrúpa agus de réir leibhéal oideachais;

- (e) cibé acu a fuair an fiontar atá ag leagan as Státchabhair nó maoiniú eile ó chistí comhtháthaithe nó struchtúracha an Aontais sna cúig bliana roimhe sin, cé is moite de mhicrifhiontair agus FBManna;
 - (f) ráiteas lena dtugtar údar leis an gcaiteachas.
2. Tráth nach déanaí ná deireadh an 19ú mí tar éis dhul in éag na tréimhse a shonraítear in Airteagal 15(3), cuirfidh an Ballstát lena mbaineann isteach an tacar sonraí simplí lena dtugtar eolas faoin táscaire toraidh fhadtéarmaigh a shonraítear i bpointe (3) den Iarscríbhinn.
 3. Tráth nach déanaí ná sé mhí tar éis don Choimisiún an fhaisnéis ar fad a éilítear i gcomhréir le mír 1 a fháil, déanfaidh sé an ranníocaíocht a fhoirceannadh trí mhéid deiridh na ranníocaíochta ó CED a shocrú agus, más ann dó, an iarmhéid atá dlíte ag an mBallstát lena mbaineann i gcomhréir le hAirteagal 24. Beidh an foirceannadh sin ag brath ar sholáthar an táscaire toraidh fhadtéarmaigh i gcomhréir le mír 2.

Airteagal 21

Tuarascáil dhébhlíantúil

1. Faoi 1 Lúnasa 2021 agus gach dhá bhliain ina dhiaidh sin, déanfaidh an Coimisiún tuarascáil chuimsitheach, chainníochtúil agus cháilíochtúil a chur i láthair Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle maidir leis na gníomhaíochtaí a rinneadh faoin Rialachán seo agus faoi Rialachán (CE) Uimh. 1309/2013 an dá bhliain roimhe sin. Díreofar go príomha sa tuarascáil ar na torthaí a bhain CED amach agus go háirithe beidh faisnéis inti maidir le hiarratais a cuireadh isteach, cinntí a glacadh, bearta a maoiníodh, lena n-áirítear staidreamh ar na táscairí a leagtar amach san Iarscríbhinn, agus faisnéis maidir le comhlántacht bearta den sórt sin le bearta arna maoiniú ó chistí eile de chuid an Aontais, go háirithe CSE+, agus faisnéis maidir le foirceannadh ranníocaíochtaí a rinneadh, agus tabharfar faisnéis inti freisin faoi na hiarratais sin a diúltaíodh nó a laghdáíodh toisc nach raibh go leor leithreasuithe ann nó nach raibh siad incháilithe.
2. Seolfar an tuarascáil, mar fhaisnéis, chuig an gCúirt Iniúchóirí, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa, chuig Coiste na Réigiún agus chuig na comhpháirtithe sóisialta.

Airteagal 22

Meastóireacht

1. Gach ceithre bliana déanfaidh an Coimisiún, as a stuaim féin agus i ndlúthchomhar leis na Ballstáit, meastóireacht ar na ranníocaíochtaí ó CED.
2. Seolfar torthaí na meastóireachtaí dá dtagraítear i mír 1, mar fhaisnéis, chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig an gCúirt Iniúchóirí, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa, chuig Coiste na Réigiún agus chuig na comhpháirtithe sóisialta. Cuirfear moltaí na meastóireachtaí san áireamh maidir le dearadh clár nua i réimse na fostaíochta agus na ngnóthaí sóisialta nó maidir le forbairt a dhéanamh ar chláir atá ann cheana.
3. Áireofar sna meastóireachtaí dá dtagraítear i mír 1 staidreamh ábhartha maidir leis na ranníocaíochtaí, de réir Ballstáit.

4. Chun a áirithiú go ndéanfar measúnú éifeachtach ar dhul chun cinn an Chláir maidir le gnóthú a chuspóirí, tá sé de chumhacht ag an gCoimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 25 chun an Iarscríbhinn a leasú d'fhonn na táscairí a athbhreithniú nó a chomhlánú i gcás ina measfar gur gá sin, agus chun an Rialachán seo a fhorlónadh le forálacha maidir le creat faireacháin agus meastóireachta a bhunú.

Airteagal 23

Bainistíocht agus rialú airgeadais

1. Gan dochar do fhreagracht an Choimisiúin buiséad ginearálta an Aontais a chur chun feidhme, glacfaidh na Ballstáit freagracht as bainistiú na mbeart a fhaigheann tacaíocht ó CED agus as rialú airgeadais na mbeart. Ar na bearta sin a dhéanfaidh sé tá:
- (a) a fhíorú go ndearnadh socruithe bainistíochta agus rialaithe agus go bhfuil siad á gcur chun feidhme ar bhealach ina n-áirithítear go bhfuil cistí an Aontais á n-úsáid go héifeachtúil agus i gceart, i gcomhréir le prionsabail na bainistíochta fóna airgeadais;
 - (b) a áirithiú gur ceanglas éigeantach é seachadadh sonraí faireacháin i gconarthaí le comhlachtaí a sheachadann an pacáiste comhordaithe de sheirbhísí pearsantaithe;
 - (c) a fhíorú go ndearnadh na bearta maoinithe i gceart;
 - (d) a áirithiú go bhfuil caiteachas arna mhaoiniú bunaithe ar dhoiciméid tacaíochta infhíoraithe, agus go bhfuil siad dleathach agus rialta;
 - (e) neamhrialtachtaí a chosc, a bhrath agus a cheartú, lena n-áirítear calaois, agus méideanna a íocadh go míchuí a aisghabháil mar aon le hús ar íocaíochtaí déanacha nuair is iomchuí. Tabharfaidh na Ballstáit tuairisc don Choimisiún maidir le neamhrialtachtaí, lena n-áirítear calaois.
2. Chun críocha Airteagal [63(3)?] den Rialachán Airgeadais, ainmneoidh na Ballstáit na comhlachtaí a bheidh freagrach as bainistiú agus rialú na mbeart a fhaigheann tacaíocht ó CED. Is iad na comhlachtaí sin a sholáthróidh don Choimisiún an fhaisnéis a leagtar amach in [Airteagal 63(5), (6) agus (7) ?] den Rialachán Airgeadais maidir le cur chun feidhme na ranníocaíochta nuair a thíolactar an tuarascáil deiridh dá dtagraítear in Airteagal 20(1) den Rialachán seo.
- I gcás ina bhfuil ráthaíochtaí leordhóthanacha tugtha ag na húdaráis arna gceapadh i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 1309/2013 go bhfuil íocaíochtaí dleathach agus rialta agus gur tugadh cuntas ceart orthu, féadfaidh an Ballstát lena mbaineann fógra a thabhairt don Choimisiún go bhfuil na húdaráis sin deimhnithe faoin Rialachán seo. Sa chás sin, tabharfaidh an Ballstát lena mbaineann le fios cé na húdaráis atá deimhnithe agus cén fheidhm atá acu.
3. Déanfaidh na Ballstáit na ceartuithe airgeadais is gá i gcás ina bhfaighfear neamhrialtacht. Beidh páirtchealú nó lánchealú na ranníocaíochta sna ceartuithe a dhéanfaidh na Ballstáit. Gnóthóidh na Ballstáit aon suim a íocadh go míchuí mar thoradh ar neamhrialtacht a bhraitear, íocfaidh siad ar ais í chuig an gCoimisiún agus, i gcás nach n-íocann an Ballstát ábhartha an tsuim ar ais san am a cheadaítear, beidh ús mainneachtana dlite.

4. Glacfaidh an Coimisiún, sa mhéid atá freagracht air as cur chun feidhme bhuiséad ginearálta an Aontais, gach céim eile is gá lena fhíorú go ndéantar na gníomhaíochtaí arna maoiniú de réir phrionsabail na bainistíochta fóna airgeadais. Tá sé d'fhreagracht ar an mBallstát iarrthach a áirithiú go bhfuil córais dhea-fheidhmiúla bhainistíochta agus rialaithe i bhfeidhm acu. Deimhneoidh an Coimisiún dó féin go bhfuil na córais sin ar bun.

Chuirge sin, gan dochar do chumhachtaí na Cúirte Iniúchóirí ná do na seiceálacha arna ndéanamh ag an mBallstát i gcomhréir le forálacha reachtaíochta, rialúcháin agus riaracháin náisiúnta, féadfaidh oifigigh nó státseirbhísigh de chuid an Choimisiúin seiceálacha ar an láthair a dhéanamh, lena n-áirítear seiceálacha samplacha, ar na bearta arna maoiniú ag CED le fógra aon lá oibre amháin ar a laghad a thabhairt. Tabharfaidh an Coimisiún fógra don Bhallstát iarrthach d'fhonn an cúnamh go léir is gá a fháil uaidh. Féadfaidh oifigigh nó státseirbhísigh an Bhallstáit lena mbaineann páirt a ghlacadh sna seiceálacha sin.
5. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmlichte a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 25 chun mír 1(e) a fhorlíonadh trí na critéir a leagan amach lena gcinnfear na cásanna neamhrialtachtaí atá le tuairisciú agus na sonraí atá le soláthar.
6. Glacfaidh an Coimisiún gníomh cur chun feidhme ina leagfar amach an fhoráid atá le húsáid chun neamhrialtachtaí a thuairisciú i gcomhréir leis an nós imeachta comhairleach dá dtagraítear in Airteagal 26(2) chun a áirithiú go bhfuil coinníollacha aonfhoirmeacha ann le haghaidh chur chun feidhme an Airteagail seo.
7. Áiritheoidh na Ballstáit go gcoinneofar na doiciméid tacaíochta ar fad maidir le caiteachas arna thabhu ar fáil don Choimisiún agus don Chúirt Iniúchóirí ar feadh tréimhse trí bliana tar éis foirceannadh ranníocaíochta arna fáil ó CED.

Airteagal 24

Gnóthú na ranníocaíochta

1. I gcásanna ina mbeidh costas iarbhir an phacáiste comhordaithe de sheirbhísí pearsantaithe níos lú ná méid na ranníocaíochta de bhun Airteagal 16, gnóthóidh an Coimisiún an méid comhfhreagrach tar éis deis a thabhairt don Bhallstát lena mbaineann a bharúlacha a chur in iúl.
2. Má mheasann an Coimisiún, tar éis dó na fíoruithe is gá a chur i gcrích, gur theip ar Bhallstát na hoibleagáidí a luaitear sa chinneadh maidir le ranníocaíocht a chomhlíonadh nó nach bhfuil sé ag comhlíonadh na n-oibleagáidí atá air faoi Airteagal 23(1), tabharfaidh sé deis don Bhallstát lena mbaineann a bharúlacha a chur in iúl. Mura dtagtar ar chomhaontú, glacfaidh an Coimisiún cinneadh trí bhíthin gníomh cur chun feidhme chun na ceartuithe airgeadais is gá a dhéanamh trí pháirtchealú nó lánchealú na ranníocaíochta ó CED leis an mbeart i gceist. Déanfar an cinneadh sin 12 mhí tar éis na barúlacha a fháil ón mBallstát. Gnóthóidh an Ballstát lena mbaineann aon suim a íocadh go míchuí mar thoradh ar neamhrialtacht agus, i gcás nach n-íocann an Ballstát iarrthach an tsuim ar ais san am a cheadaítear, beidh ús mainneachtana dlite.

Airteagal 25
An tarmligeán a fheidhmiú

1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.
2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 19(3) agus in Airteagal 23(5) a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse neamhchinntithe ama amháil ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo.
3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligeán na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 19(3) agus in Airteagal 23(5) a chúlghairm aon tráth. Déanfaidh cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh deireadh a chur le tarmligeán na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana.
4. Roimh dó gníomh tarmligthe a ghlacadh, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr.
5. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra, an tráth céanna, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoi.
6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 19(3) agus Airteagal 23(5) i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa ná ag an gComhairle laistigh de thréimhse dhá mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú dhá mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

Airteagal 26
Nós imeachta Coiste

1. Tabharfaidh coiste cúnamh don Choimisiún. Beidh an coiste sin ina choiste de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.
2. I gcás ina ndéanfar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 4 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

Airteagal 27
Foráil idirthréimhseach

Leanfaidh Rialachán (AE) Uimh. 1309/2013 d'fheidhm a bheith aige maidir le hiarratais a thíolacfar go dtí an 31 Nollaig 2020. Beidh feidhm aige go ndúnfar na cásanna lena mbaineann.

Airteagal 28
Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm ar an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige maidir le hiarratais a thíolacfar ón 1 Eanáir 2021.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann Pharlaimint na hEorpa
An tUachtarán*

*Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán*

RÁITEAS AIRGEADAIS REACTACH DO THOGRAÍ

1. LEAGAN AMACH AN TOGRA/TIONSCNAIMH

- 1.1. Teideal an togra/tionscnaimh
- 1.2. Réimsí beartais lena mbaineann (*cnuasach clár*)
- 1.3. An cineál togra/tionscnaimh
- 1.4. Forais an togra/tionscnaimh
- 1.5. Fad agus tionchar airgeadais
- 1.6. Modhanna bainistíochta atá beartaithe

2. BEARTA BAINISTÍOCHTA

- 2.1. Rialacha faireacháin agus tuairiscithe
- 2.2. Córas bainistíochta agus rialaithe
- 2.3. Bearta chun calaois agus neamhrialtachtaí a chosc

3. AN TIONCHAR AIRGEADAIS A MHEASTAR A BHEIDH AG AN TOGRA/TIONSCNAMH

- 3.1. Ceannteidil an chreata airgeadais ilbhliantúil agus na línte buiséid ar a n-imreofar tionchar
- 3.2. An tionchar a mheastar a bheidh ag an togra/tionscnamh ar chaiteachas
 - 3.2.1. *Achoimre ar an tionchar a mheastar a bheidh ag an togra/tionscnamh ar chaiteachas*
 - 3.2.2. *An tionchar a mheastar a bheidh ag an togra/tionscnamh ar leithreasuithe de chineál riaracháin*
 - 3.2.3. *Ranníocaíochtaí ó thríú páirtithe*
- 3.3. An tionchar a mheastar a bheidh ar ioncam

RÁITEAS AIRGEADAIS REACTACH

1. LEAGAN AMACH AN TOGRA/TIONSCNAIMH

1.1. Teideal an togra/tionscnaimh

Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis an gCiste Eorpach um Choigeartú don Domhandú (CED).

1.2. Réimsí beartais lena mbaineann (*cnuasach clár*)

An Ciste Eorpach um Choigeartú don Domhandú, atá ar áireamh i bPlean Bainistíochta 2018 DG EMPL

1.3. Baineann an togra/tionscnaimh le:

☐ beart nua

☐ beart nua a leanann treoirthionscadal/réamhbheart³⁷

☒ síneadh ar bheart atá ann cheana

☐ beart nó bearta a chumasc nó a atreorú i dtreo beart eile/beart nua

1.4. Forais an togra/tionscnaimh

1.4.1. *Na ceanglais is gá a chomhlíonadh sa ghearrthéarma nó san fhadtéarma, lena n-áirítear amlíne mhionsonraithe maidir le cur chun feidhme céimneach an tionscnaimh*

Ní mór athbhreithniú a dhéanamh ar Rialachán (AE) Uimh. 1309/2013 faoi dheireadh 2020. An t-athbhreithniú sin, atá á dhéanamh leis an togra le haghaidh Rialacháin, tugann sé caoi ar leanúint den Chiste a chur i bhfeidhm, méadú a dhéanamh ar chuspóir an chiste – is é sin tacaíocht a thabhairt d'oibrithe a leagadh as agus do dhaoine féinfhostaithe ar cuireadh deireadh lena ngníomhaíocht de dheasca mór-athstruchtúráil nach raibh coinne leis – agus ar leasú a dhéanamh ar roinnt sonraí teicniúla chun comhleanúnachas agus sineirgíochtaí, solúbthacht, fócas ar fheidhmíocht agus simpliú a mhéadú.

1.4.2. *Luach breise a bhaineann le rannpháirteachas AE (d'fhéadfadh an luach breise a bheith mar thoradh ar fhachtóirí éagsúla, e.g. gnóthachain de thoradh comhordú, deimhneacht dhlíthiúil, éifeachtacht mhéadaithe nó comhlántachtaí). Chun críocha an phointe seo, is é a chiallaíonn “luach breise a bhaineann le rannpháirteachas AE” an luach a bhíonn mar thoradh ar idirghabháil an Aontais atá sa bhreis ar an luach a bheadh ann murach sin ag na Ballstáit dá mbeidís ag feidhmiú leo féin.*

An breisluach Aontais (ex post) a mheastar a ghinfear: de bharr rannpháirtíocht an Aontais trí CED, is féidir bearta náisiúnta a chomhlánú d'fhonn oibrithe a briseadh as a bpost a ath-lánpháirtiú trí theaghlaim uathúil de bheartais shaincheaptha a thairiscint dóibh a dtiocfaidh torthaí níos inbhuanaithe díobh agus méadú ar fhéinmhuinín na dtairbhíthe díobh arae cuardóidh na tairbhíthe post ar dhóigh níos réamhghníomhaí agus beidh siad níos infhostaithe freisin. Is fios de bharr chur i bhfeidhm CED go nuige seo nach mbeadh cúnamh den saghas sin le fáil ach ab é CED.

³⁷

Mar a thagraítear dó in Airteagal 58(2)(a) nó (b) den Rialachán Airgeadais.

1.4.3. Ceachtanna a foghlaimíodh ó thaithí eile chosúil am a chuaigh thart

Féach an taithí a fuarthas faoi Rialachán (AE) Uimh. 1309/2013 mar a leagtar amach i Meabhrán Míniúcháin an Togra le haghaidh Rialacháin.

1.4.4. Comhoiriúnacht d'ionstraimí iomchuí eile agus sineirgíocht a d'fhéadfadh a bheith ann

Leanfaidh CSE+ agus CED de bheith ag comhlánú a chéile, óir leanfaidh CSE+ de bheith ina chiste coiscitheach oirchilleach, agus leanfaidh CED de bheith ina chiste éigeandála freasaitheach lasmuigh den Chreat Airgeadais Ilbhliantúil. Mar shampla, beidh CSE+ ina chomhlánú ar CED trí thacaíocht réamhghníomhach a thabhairt do bhearta i réimsí atá i mbaol de dheasca dúshláin eacnamaíocha intuartha. Beidh an tacaíocht do spriothairbhíthe ina gcomhlánú ar na bearta a dhéanann na Ballstáit ar an leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil, lena n-áirítear iad sin a chómhaoinítear le cistí de chuid an Aontais, i gcomhréir leis na moltaí a leagtar amach i gCreat Cáilíochta AE um oirchill ar athrú agus ar athstruchtúrú (QFR).

1.5. Fad agus tionchar airgeadais

☒ tréimhse theoranta

- ☒ i bhfeidhm ón 01/01/2021
- ☒ Tionchar airgeadais ó 2021 go 2027 do leithreasuithe faoi chomhair gealltanais agus ó 2021 go 2031 do leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí.

☐ tréimhse neamhtheoranta

- Cur chun feidhme le tréimhse thosaigh idir YYYY agus YYYY, agus feidhm iomlán ina dhiaidh sin.

1.6. Modhanna bainistíochta atá beartaithe³⁸

☒ Bainistíocht dhíreach dhíreach a dhéanann an Coimisiún

- ☒ ina ranna, lena n-áirítear an chuid sin den fhoireann atá i dtoscaireachtaí an Aontais;
- ☐ trí na gníomhaireachtaí feidhmiúcháin

☒ Bainistíocht atá comhroinnte leis na Ballstáit

☐ **Bainistíocht indíreach** trí chúraimí a bhaineann le cur chun feidhme an bhuiséid a shannadh dóibh seo a leanas:

- ☐ tríú tíortha nó na comhlachtaí a d'ainmnigh siad;
- ☐ eagraíochtaí idirnáisiúnta agus a ngníomhaireachtaí (tabhair sonraí);
- ☐ BEI agus an Ciste Eorpach Infheistíochta;
- ☐ comhlachtaí dá dtagraítear in Airteagal 70 agus Airteagal 71 den Rialachán Airgeadais;
- ☐ comhlachtaí dlí poiblí;
- ☐ comhlachtaí arna rialú ag an dlí príobháideach agus a bhfuil misean seirbhíse poiblí acu sa mhéid go gcuireann siad ráthaíochtaí leordhóthanacha airgeadais ar fáil;
- ☐ comhlachtaí arna rialú ag dlí príobháideach Ballstáit, a gcuirtear de chúram orthu comhpháirtíochtaí príobháideacha poiblí a chur chun feidhme, agus a sholáthraíonn ráthaíochtaí leordhóthanacha airgeadais;
- ☐ daoine a gcuirtear de chúram orthu bearta sonracha a chur chun feidhme in CBES de bhun Theideal V de CAE, ar daoine iad a aithnítear sa bhunghníomh ábhartha.
- *I gcás ina sonraítear níos mó ná modh bainistíochta amháin, tabhair sonraí sa roinn “Nótaí” le do thoil.*

Nótaí

[...]

[...]

³⁸

Is féidir mionsonraí ar na modhanna bainistíochta agus tagairtí don Rialachán Airgeadais a fheiceáil ar shuíomh gréasáin Ard-Stiúrthóireacht an Bhuiséid:

<https://myintracomm.ec.europa.eu/budgweb/EN/man/budgmanag/Pages/budgmanag.aspx>

2. BEARTA BAINISTÍOCHTA

2.1. Rialacha faireacháin agus tuairiscithe

Sonraigh minicíocht na mbearta agus na coinníollacha atá leo

Foráiltear le hAirteagal 21 den Rialachán atá beartaithe go bhfuil sé de cheangal ar an gCoimisiún tuarascáil chainníochtúil agus cháilíochtúil a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle gach bliain maidir leis na gníomhaíochtaí a rinneadh an dá bhliain roimhe sin faoin Rialachán atá beartaithe agus faoi Rialachán (AE) Uimh. 1309/2013. Is éard a bheidh sa tuarascáil thar aon ní eile trácht ar na torthaí a baineadh amach le CED, agus thairis sin tabharfar, go háirithe, faisnéis faoi na hiarratais a rinneadh, na cinntí a glacadh agus na bearta a maoiníodh.

I gcomhréir le hAirteagal 22 den Rialachán atá beartaithe, déanfaidh an Coimisiún, roimh an 30 Bealtaine 2025, meastóireacht eatramhach ar an gcistiú ó CED a cuireadh chun úsáide. Tá sé de cheangal ar an gCoimisiún meastóireacht ex post a dhéanamh ar an gcistiú ó CED a cuireadh chun úsáide, faoin 31 Nollaig 2029.

2.2. Córais bhainistíochta agus rialaithe

2.2.1. *An bonn cirt atá leis na modhanna bainistíochta, na sásraí cur chun feidhme, na módúlachtaí íocaíochta agus an straitéis atá beartaithe*

Tá na ceanglais is infheidhme maidir le bainistíocht agus rialú airgeadais leagtha síos in Airteagal 23 den Rialachán atá beartaithe.

Ciste faoi chomhbhainistíocht is ea CED, agus leanfaidh sé de bheith faoi chomhbhainistíocht. Is fios de bharr taithí gurb é an t-údarás is cóngaraí don saoránach is ceart pacáistí seirbhísí pearsantaithe a shaincheapadh don saoránach. De réir an Bhallstáit agus chineál an athstruchtúraithe a bheadh i gceist, is é is dócha gur údarás áitiúil, réigiúnach nó náisiúnta an t-údarás sin. Dá bhrí sin, déanfar na cúraimí cur chun feidhme a tharmligean chuig údaráis na mBallstát. Is gá an tAontas idirghabháil a dhéanamh i ngeall ar scála thionchar na n-iomarcaíochtaí, ach i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta, beidh an idirghabháil sin teoranta don mhéid is gá chun an cuspóir a bhaint amach arb é atá ann an tAontas dlúthpháirtíocht le hoibrithe a leagadh as a léiriú.

I bhfianaise na haidhme atá ag CED, is é sin tacaíocht a thabhairt i gcásanna práinne agus in imthosca gan choinne, leanfaidh CED de bheith ina ionstraim speisialta solúbthachta, agus é lasmuigh de theorainneacha buiséadacha an Chreata Airgeadais Ilbhliantúil.

In Airteagal 16 den Rialachán atá beartaithe leagtar síos an sásra cur chun úsáide. Íocfaidh an Coimisiún an ranníocaíocht leis an mBallstát lena mbaineann, agus is íocaíocht aonair 100 % réamh-mhaoiniúcháin a bheidh inti.

2.2.2. *Faisnéis maidir leis na rioscaí a aithníodh agus na córais rialaithe inmheánacha a cuireadh ar bun chun na rioscaí a mhaolú*

Na rioscaí a bhaineann le bainistíocht chomhpháirteach Chistí an Chomhphobail, sin iad na rioscaí atá ann.

2.2.3. *Meastachán ar chost-éifeachtúlacht na rialuithe agus an bonn cirt atá leis sin (cóimheas “costais rialaithe ÷ luach na gcistí gaolmhara arna mbainistiú”), agus measúnú ar an leibhéal riosca earráide a bhfuiltear ag súil leis (ar an íocaíocht a dhéanamh agus ar dhúnadh an chláir)*

Tá na ceanglais is infheidhme maidir le bainistíocht agus rialú airgeadais leagtha síos in Airteagal 23 den Rialachán atá beartaithe.

Maidir leis an ráta/na rátaí earráidí a mheastar a bheidh ann, ag céim na dtograí reachtacha is é an aidhm an ráta earráidí a choinneáil faoi bhun an leibhéil 2 %. Ní fhéadfaí tairseach ábharthachta eile a phlé ach ar bhonn cás ar chás i bhfianaise na díospóireachta reachtaí, go háirithe ós rud é nach dtacódh an tÚdarás Reachtach (go hiomlán) leis na simplithe a mholtar do chláir agus/nó go gcuirfeadh sé uasteorainn leis na rialuithe, rud a d'imreodh tionchar ar an ráta earráidí a bheifí ag súil leis. D'fhágfadh sin go mbeadh cur chuige comhordaithe ag teastáil.

2.3. **Bearta chun calaois agus neamhrialtachtaí a chosc**

Sonraigh na bearta coisctheacha agus cosanta atá ann cheana nó atá beartaithe, e.g. ón Straitéis Frith-chalaoise.

Tá na bearta chun neamhrialtachtaí a chosc, a bhrath agus a cheartú leagtha síos in Airteagal 23 (1)(e) agus in Airteagal 23(2) den Rialachán atá beartaithe.

I gcás comhbhainistíocht cistí tá rud níos sonraí ann, is é sin an Straitéis Chomhpháirteach Frith-Chalaoise (2015-2020) atá ag Ard-Stiúrthóireacht an Bheartais Réigiúnaigh agus Uirbigh, an Ard-Stiúrthóireacht um Fhostaíocht, Gnóthaí Sóisialta agus Cuimsiú agus Ard-Stiúrthóireacht na nGnóthaí Muirí agus na hÍascaireachta.

Sa Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le straitéis frith-chalaoise (COM(2011)376 final an 24.6.2011) deirtear gur cúis sásaimh an straitéis atá ann cheana sa mhéid is gur tionscnamh dea-chleachtais é agus go bhfuil bearta comhlántacha beartaithe, agus an ceann is tábhachtaí díobh sin go n-iarrtar, i dtograí ón gCoimisiún le haghaidh rialachán don tréimhse 2014-2020, ar na Ballstáit bearta coiscthe calaoise a dhéanamh. Sa togra seo ón gCoimisiún tá ceanglas sainráiteach bearta den saghas sin a chur i bhfeidhm. Ba cheart go dtiocfadh dá bharr sin breis feasachta ar chalaois sna Ballstáit, i measc na gcomhlachtaí ar fad atá bainteach le cistí a bhainistiú agus a rialú, agus laghdú ar an riosca calaoise.

3. AN TIONCHAR AIRGEADAIS A MHEASTAR A BHEIDH AG AN TOGRA/TIONSCNAMH

3.1. Ceannteidil an chreata airgeadais ilbhliantúil agus na línte buiséid nua atá beartaithe

Ceannteidil an chreata airgeadais ilbhliantúil	Líne buiséid	Saghascaite achais	Ranníocaíocht			
	Ionstraim atá lasmuigh den Chreat Airgeadais Ilbhliantúil 2021-2027.	LD/L ³⁹	ó thíortha de chuid CSTE ⁴⁰	ó thíortha is iarrthóirí ⁴¹	ó thríú tíortha	de réir bhrí Airteagal [21(2)(b)] den Rialachán Airgeadais
neamhbhainteach	17 01 01 Cúlchiste don Chiste Eorpach um Choigeartú don Domhandú	Neamhdhif.	NÍL	NÍL	NÍL	NÍL
neamhbhainteach	17.04 Líne oibríochtúil don Chiste Eorpach um Choigeartú don Domhandú	Difreáilte	NÍL	NÍL	NÍL	NÍL
neamhbhainteach	30.03 Cúlchiste don Chiste Eorpach um Choigeartú don Domhandú	LD	NÍL	NÍL	NÍL	NÍL

³⁹ LD = Leithreasuithe difreáilte / LN = Leithreasuithe neamhdhifreáilte.

⁴⁰ CSTA: Comhlachas Saorthrádála na hEorpa.

⁴¹ Tíortha is iarrthóirí agus, nuair is iomchuí, tíortha ó na Balcáin Thiar a d'fhéadfadh bheith ina n-iarrthóirí.

3.2. An tionchar a mheastar a bheidh ag an togra/tionscnamh ar chaiteachas

3.2.1. Achoimre ar an tionchar a mheastar a bheidh ag an togra/tionscnamh ar chaiteachas

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil:	<...>	Ionstraim speisialta atá lasmuigh de theorainneacha an Chreata Airgeadais ilbhliantúil
---	-------	--

			2021	2022	2023	2024	2025	2026	2027	Tar éis 2027	IOMLÁN
17.04 Líne oibríochtúil don Chiste Eorpach um Choigeartú don Domhandú	Gealltanais	(1)	iontráil mheabh ráin	iontráil mheabh ráin	iontráil mheabh ráin	iontráil mheabh ráin	iontráil mheabh ráin	iontráil mheabh ráin	iontráil mheabh ráin		iontráil mheabhráin
	Íocaíochtaí	(2)	neamhb haintea ch	neamhb haintea ch	neamhb haintea ch	neamhb haintea ch	neamhb haintea ch	neamhb haintea ch	neamhb haintea ch	neamhb haintea ch	neamhbhaint each
30.03 Cúlchiste don Chiste Eorpach um Choigeartú don Domhandú ⁴²	Gealltanais	(1)	212	216	221	225	230	234	239		1.578
	Íocaíochtaí	(2)	iontráil mheabh ráin	iontráil mheabh ráin	iontráil mheabh ráin	iontráil mheabh ráin	iontráil mheabh ráin	iontráil mheabh ráin	iontráil mheabh ráin		iontráil mheabhráin
Leithreasuithe de chineál riaracháin arna maoiniú as imchlúdach an chláir ⁴³	Gealltanais = Íocaíochtaí	(3)	iontráil mheabh ráin	iontráil mheabh ráin	iontráil mheabh ráin	iontráil mheabh ráin	iontráil mheabh ráin	iontráil mheabh ráin	iontráil mheabh ráin		neamhbhaint each
IOMLÁN leithreasuithe	Gealltanais	=1+3	212	216	221	225	230	234	239		1.578
	Íocaíochtaí	=2+3	iontráil mheabh ráin	iontráil mheabh ráin	iontráil mheabh ráin	iontráil mheabh ráin	iontráil mheabh ráin	iontráil mheabh ráin	iontráil mheabh ráin		iontráil mheabhráin

⁴² Na figiúirí atá luaite thuas, is íosmhéideanna iad atá le fáil gach bliain don Chiste Eorpach um Choigeartú don Domhandú

⁴³ Cúnamh agus caiteachas teicniúil agus/nó riaracháin ar mhaithe le cláir agus/nó bearta de chuid AE (seanlínte "BA") a chur chun feidhme, taighde indíreach, taighde díreach.

Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil:	7	“Caiteachas riaracháin”
---	---	-------------------------

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

		2021	2022	2023	2024	2025	2026	2027	<i>Tar éis 2027</i>	IOMLÁN
Acmhainní daonna		1.435	1.435	1.435	1.435	1.435	1.435	1.435		10.045
Caiteachas riaracháin eile		neamhb haintea ch	neamhb haintea ch	neamhb haintea ch	neamhb haintea ch	neamhb haintea ch	neamhb haintea ch	neamhb haintea ch		neamhbhaint each
IOMLÁN leithreasuithe faoi CHEANNTIDEAL 7 den chreat airgeadais ilbhliantúil	(Iomlán gealltanais = Iomlán íocaíochtaí)	1.435	1.435	1.435	1.435	1.435	1.435	1.435		10.045

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

		2021	2022	2023	2024	2025	2026	2027	<i>Tar éis 2027</i>	IOMLÁN
IOMLÁN leithreasuithe ar fud na gCEANNTIDEAL den chreat airgeadais ilbhliantúil	Gealltanais	1.435	1.435	1.435	1.435	1.435	1.435	1.435		10.045
	Íocaíochtaí									

Maidir le caiteachas riaracháin eile, taispeántar an clúdach iomlánaíoch faoi ráiteas airgeadais reachtach CSE+.

3.2.2. *Achoimre ar an tionchar a mheastar a bheidh ag an togra/tionscnamh ar leithreasuithe de chineál riaracháin*

- ☐ Ní éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe de chineál riaracháin
- ☒ Éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe de chineál riaracháin mar a mhínítear thíos:

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

Blianta	2021	2022	2023	2024	2025	2026	2027	IOMLÁN
---------	------	------	------	------	------	------	------	--------

CEANNTÉIDEAL 7den chreat airgeadais ilbhliantúil								
Acmhainní daonna	1.435	1.435	1.435	1.435	1.435	1.435	1.435	10.045
Caiteachas riaracháin eile								
Fo-iomlán CHEANNTÉIDEAL 7den chreat airgeadais ilbhliantúil	1.435	1.435	1.435	1.435	1.435	1.435	1.435	10.045

Lasmuigh de CHEANNTÉIDEAL 7⁴⁴ den chreat airgeadais ilbhliantúil								
Acmhainní daonna								
Caiteachas eile de chineál riaracháin								
Fo-iomlán lasmuigh de CHEANNTÉIDEAL 7 den chreat airgeadais ilbhliantúil								

IOMLÁN	1.435	1.435	1.435	1.435	1.435	1.435	1.435	10.045
---------------	--------------	--------------	--------------	--------------	--------------	--------------	--------------	---------------

Cumhdófar na hacmhainní daonna is gá agus caiteachas eile de chineál riaracháin le leithreasuithe ón Ard-Stiúrthóireacht a bhfuil bainistíocht an bhirt faoina gcúram cheana agus/nó atá ath-imlonnaithe laistigh den Ard-Stiúrthóireacht, mar aon le haon leithdháileadh breise a d'fhéadfaí a thabhairt don Ard-Stiúrthóireacht atá i mbun bainistíochta faoi chuimsiú an nós imeachta maidir le leithdháileadh bliantúil i bhfianaise na srianta buiséadacha.

⁴⁴ Cúnamh agus caiteachas teicniúil agus/nó riaracháin ar mhaithe le cláir agus/nó bearta de chuid AE (seanlínte "BA") a chur chun feidhme, taighde indíreach, taighde díreach.

3.2.2.1. Na hacmhainní daonna a mheastar a bheidh riachtanach

- ☐ Ní éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear acmhainní daonna.
- ☒ Éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear acmhainní daonna mar a mhínítear thíos:

Sloinnfear an meastachán in aonaid de choibhéis lánaimseartha

Blianta	2021	2022	2023	2024	2025	2026	2027
• Poist don phlean bunaíochta (oifigigh agus foireann shealadach)							
Ceanncheathrú agus Oifigí Ionadaíocht an Choimisiúin	9	9	9	9	9	9	9
Toscaireachtaí							
Taighde							
• Foireann sheachtrach (i gcoibhéis lánaimseartha) - CA, LA, SNE, INT agus JPD ⁴⁵							
Ceannteideal 7							
Arna maoiniú as CEANNTÉIDEA L 7 den chreat airgeadais ilbhliantúil	- sa cheanncheathrú	2	2	2	2	2	2
	- toscaireachtaí						
Arna maoiniú as imchlúdach an chlár ⁴⁶	- sa cheanncheathrú						
	- toscaireachtaí						
Taighde							
Eile (sonraigh)							
IOMLÁN		11	11	11	11	11	11

Soláthrófar na hacmhainní daonna is gá le baill foirne ón Ard-Stiúrthóireacht a bhfuil bainistíocht an bhirn faoina gcúram cheana agus/nó a ath-implonófar laistigh den Ard-Stiúrthóireacht, mar aon le haon leithdháileadh breise a d'fhéadfaí a thabhairt don Ard-Stiúrthóireacht atá i mbun bainistíochta faoi chuimsiú an nós imeachta maidir le leithdháileadh bliantúil i bhfianaise na srianta buiséadacha.

Cur síos ar na cúraimí a bheidh le déanamh:

Oifigigh agus pearsanra sealadach	Iarratais CSE a dhéanann na Ballstáit a anailísiú agus a phlé. An doiciméadacht a ullmhú d'iarratais CSE a chuirtear faoi bhráid an Choimisiúin agus an Údaráis Bhuiséadaigh; dul i dteagmháil leis na seirbhísí ábhartha de chuid an Choimisiúin le linn an sreafa oibre agus plé a dhéanamh leis na seirbhísí sin. Faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme na ranníocaíochtaí. Modhnuithe ábhartha ar na hiarratais a dhéantar a ullmhú agus/nó a phlé.
Pearsanra seachtrach	Iarratais CSE a dhéanann na Ballstáit a anailísiú agus a phlé. An doiciméadacht a ullmhú d'iarratais CSE a chuirtear faoi bhráid an Choimisiúin agus an Údaráis Bhuiséadaigh; dul i dteagmháil leis na seirbhísí ábhartha de chuid an Choimisiúin le linn an sreafa oibre agus plé a dhéanamh leis na seirbhísí sin. Faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme na ranníocaíochtaí. Modhnuithe ábhartha ar na hiarratais a dhéantar a ullmhú agus/nó a phlé.

⁴⁵ CA = Ball foirne ar conradh; LA= Ball foirne áitiúil; SNE= Saineolaí náisiúnta ar iasacht; INT= Ball foirne gníomhaireachta; JPD = Gairmí Sóisearach i dToscaireacht.

⁴⁶ Fo-uasteorainn d'fhoireann sheachtrach arna cumhdach ag leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí (na seanlínte "BA").

3.2.3. Ranníocaíochtaí ó thríú páirtithe

Leis an togra/tionscnamh seo:

- ☒ ní dhéantar foráil maidir le cómhaoiniú le tríú páirtithe
- ☐ déantar foráil maidir leis an gcómhaoiniú le tríú páirtithe atá réamh-mheasta thíos:

Leithreasuithe in EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

Blianta	2021	2022	2023	2024	2025	2026	2027	IOMLÁN
Sonraigh an comhlacht cómhaoinithe								
IOMLÁN leithreasuithe cómhaoinithe								

3.3. An tionchar a mheastar a bheidh ar ioncam

- ☒ Ní bheidh tionchar airgeadais ar bith ag an togra ar ioncam.
- ☐ Beidh an tionchar airgeadais seo a leanas ag an togra/tionscnamh:
 - ☐ ar acmhainní dílse
 - ☐ ar ioncam eile

má tá an t-ioncam sannta do línte caiteachais, sonraigh sin ☐

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

Line buiséid ioncaim:	Tionchar an togra/tionscnaimh ⁴⁷						
	2021	2022	2023	2024	2025	2026	2027
Airteagal							

I gcás ioncam atá sannta, sonraigh na línte buiséid a n-imrítear tionchar orthu.

[...]

Aon rud eile (e.g. an modh nó an fhoirmle a úsáideadh chun an tionchar ar ioncam a ríomh nó aon fhaisnéis eile).

[...]

⁴⁷ A fhad a bhaineann le hacmhainní dílse traidisiúnta (dleachtanna talmhaíochta, tobhaigh siúcra), ní mór na méideanna a luaitear a bheith ina nglanmhéideanna, i.e. méideanna comhlána agus 20 % de na costais bhailiúcháin a bheith bainte astu.